



Tuarascáil Bhliantúil 2022

Taighde. Fianaise. Gníomhú.

Arna foilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2023

ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil

seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte

Teach Grattan

67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 H638

Éire

t 353 1 234 5000

r hrb@hrb.ie

sg www.hrb.ie

Clár na nÁbhar

Torthaí agus tionchar in 2022	04
Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh	06
Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2022	10
Bunspricanna inghnóthaithe i gcomhréir le straitéis 2021–2025 an BTS	12
Aguisín A – Foilseacháin an BTS in 2022	53
Aguisín B – Dámhachtainí an BTS arna dtabhairt in 2022 do Phríomhimscrúdaitheoirí	55
Aguisín C – Dámhachtainí cómhaoinithe an BTS	73

Torthaí agus tionchar in 2022



187

dámhachtain thar 18 n-óst-institiúid agus eagraíocht ina mbíonn taighde ar siúl



€56.2m

bronnta (cómhaoiniú/comhinfheistíocht €10.2 milliún san áireamh)



€7.3m

infheistithe i gcúig chomhchlár Eorpacha (€5.7 milliún de chómhaoiniú ó chomhpháirtithe ghníomhaireachtaí maoinithe Eorpacha san áireamh)



341,639

taifead beo ar LINK



2,878

úsáideoir gníomhach ar an gcóras sonraí ar líne LINK



19

ngradam ar fiú €4 mhilliún iad le carthanais a bhaineann le sláinte (€1.6 milliún ó chómhaoiniú carthanais)



201

iarratas ar mhaoiniú ar a ndearnadh athbhreithniú maidir le Rannpháirtíocht an Phobail agus Othar (RPO) i dtaighde. Chuimsigh siad sin 166 athbhreithniú scríofa agus 35 iarratas ar Scéim Chómhainithe Charthanais Taighde Sláinte Éireann (CTSE)-BTS, áit a raibh baill an phainéil RPO mar chuid den phainéal athbhreithnithe.



€24m

infheistithe i ngairmeacha taighde trí Dhámhachtainí na nImscrúdaitheoirí atá ag Teacht Chun Cinn, trí Chlár BTS-Oiliúint Acadúil Chliniciúil na hÉireann (ICAT), agus trí an gClár Struchtúrtha um Oideachas Taighde ar Shláinte Daonra, Beartas agus Seirbhísí Sláinte (SPHeRE)



15

tháirge fianaise a táirgeadh don Roinn Sláinte (RS), ina bhfuil 4 athbhreithniú fianaise, 9 mionteagasc fianaise, agus 2 bhuaicphointe fianaise



€15.4m

giaráilte ag taighdeoirí sláinte na hÉireann i ngairmeacha Fhís Eorpach (28 tionscadal)

Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain an-rathúil eile a bhí in 2022 don Bhord Taighde Sláinte (BTS). Ba í freisin an chéad bhliain féilire iomlán d'fheidhmiú ár straitéise do 2021-2025, *Taighde sláinte – tionchar a imirt*, ina leagtar amach conas a chuirfimid taighde, sonraí agus fianaise sláinte chun cinn chun leasa mhuintir, shochaí agus gheilleagar na hÉireann. Sa tuarascáil bhliantúil seo, léireoimid cuid den iliomad torthaí, tionchair agus treoracha nua a ghlacamar in 2022, ailínithe le sé chuspóir straitéiseacha atá sainithe go soiléir sa straitéis.

Buaicphointe ar leith den bhliain ab ea Comhdháil Náisiúnta BTS 2022, a tionóladh i mí na Samhna. Sa chomhdháil (leis an téama Leigheas Pearsantaithe in Éirinn: Taighde a chur chun cinn, a thacaíonn le claochlú an chórais sláinte agus a théann chun tairbhe d'othair), tugadh le chéile go leor de phríomhchomhpháirtithe an BTS, lena n-áirítear an Roinn Sláinte (RS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), agus Fiontraíocht Éireann (FÉ), chomh maith le cliniceoirí agus eolaithe saineolacha (náisiúnta agus idirnáisiúnta araon), carthanais sláinte agus cúraim shóisialta, agus baill den phobal.

€56.2m

infheistithe in 187 dámhachtain nua le linn 2022 in 18 n-ollscoil agus eagraíocht in Éirinn ina ndéantar taighde den scoth.

Ba é an cuspóir foriomlán tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na deiseanna iontacha a chuireann leigheas pearsantaithe ar fáil, agus plé a dhéanamh ar an mbealach i dtreo a fhorfheidhmithe i gcóras cúraim sláinte na hÉireann.

Seo a leanas léargas gairid ar bhuaicphointí BTS eile ó 2022.

Taighde sláinte a chur i bhfeidhm agus tionchar an taighde sin

- Bhronnamar 187 gradam nua le linn 2022 ar 18 n-ollscoil agus eagraíocht eile in Éirinn ina ndéantar taighde den scoth. D'infheistíomar €56.2 milliún, lena n-áirítear €10.2 milliún i gcómhaoiniú, sna dámhachtainí sin.
- Chuir Ionad Fianaise an BTS le ceapadh beartais sláinte poiblí trí 15 tháirge athbhreithnithe fianaise shubstaintiúla.
- D'fhoilsíomar ceithre thuarascáil mhóra ar alcól, ar dhruaí agus ar chearrbhachas fadhbach agus trí thuarascáil náisiúnta eile ar ár gCóras Náisiúnta Faisnéise Sláinte (CNFS).
- Spreagamar maoirseacht sonraí sláinte agus cleachtais rialachais sonraí sláinte den scoth trínár rannpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) agus an Chomhghníomhaíocht i dtreo Spás Eorpach Sonraí Sláinte (TEHDAS).



An Dr Máiread O'Driscoll
Príomhfheidhmeannach



An tOll. Bernadette Hannigan
Cathaoirleach

- Sheolamar an tríú céim den Chlár Struchtúrtha um Oideachas Taighde ar Shláinte Daonra, Beartas agus Seirbhísí Sláinte (SPHERE), ar fiú €6 milliún é, chun leanúint ar aghaidh ag tógáil acmhainne ar fud na tíre le haghaidh taighde beartais, seirbhísí sláinte agus sláinte daonra.
- D'fhógraíomar an dara céim de Chlár Oiliúint Acadúil Chliniciúil na hÉireann (ICAT) i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar fiú €11 milliún é, rud a thug an infheistíocht iomlán go €21 milliún agus a thacaíonn le 81 comhalta ICAT.
- Bhronnamar 11 Dhámhachtain Imscrúdaitheoirí atá ag Teacht Chun Cinn (EIAnna) chun tacú le taighdeoirí aistriú ó chéim taighde iardhochtúireachta go céim taighde neamhspleách.
- Chuireamar le cáil an BTS maidir le sonraí agus fianaise ardchaighdeán a sholáthar trí fhaisnéis nua a fhoilsiú maidir le cearrbhachas fadhbach, agus d'fhreagraíomar do mhéadú ar iarratais ó eagraíochtaí eile atá ag iarraidh tuilleadh taighde a dhéanamh ar shonraí a chosnaímid.
- Thacaíomar leis an Roinn Sláinte maidir le Fóraim Chomhairleacha agus Geallsealbhóra an Choimisiúin Eorpaigh um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (UFÉS).

Comhair náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a fheabhsú

- Ag obair le pobal taighde na hÉireann, chabhraíomar le taighdeoirí Éireannacha níos mó ná €29 milliún a fháil i maoiniú ón Aontas Eorpach (AE). D'éirigh le 23 tionscadal a raibh 36 taighdeoir aonair páirteach iontu.
- I gcomhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ) agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), thacaíomar le seoladh chomhaltacht COFUND DOROTHY (Cuir chuige idirdhisciplíneacha i leith géarchéimeanna sláinte a fhorbairt go comhoibríoch) le haghaidh taighde ar ghéarchéimeanna sláinte poiblí.
- Leanamar lenár gcaidreamh rathúil le hearnáil charthanachta na hÉireann le babhta eile dár scéim chómhaoinithe le Carthanais Taighde Sláinte Éireann (CTSÉ) agus bhronnamar 19 dámhachtain ar fiú €3.8 milliún iad san iomlán.
- In éineacht le Rannán Taighde agus Forbartha na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann, rinneamar infheistíocht €3.3 milliún chun tacú le hobair Evidence Synthesis Ireland agus Cochrane Ireland.
- D'fhormhuiníomar 10 dtogra i gcomhpháirt le FEÉ, lena gcur faoi bhráid na nInstitiúidí Náisiúnta Sláinte (INS) le haghaidh athbhreithniú piaraí faoin gClár Comhpháirtíochta um Thaighde agus Forbairt idir na Stáit Aontaithe agus Éire.

- Sheolamar babhta nua de Thionscadail Anailíse Sonraí Tánaisteacha (TAST), a thugann taighdeoirí, úsáideoirí eolais agus rialaitheoirí sonraí le chéile chun ceisteanna a bhaineann le beartas agus / nó cleachtas a fhreagairt.
 - Bhíomar mar chuid d’iarratais rathúla chuig an gCoimisiún Eorpach ar dhá Chomhpháirtíocht nua de chuid an Aontais. Is iad sin Córais Sláinte agus Cúraim a Athrú ó Bhonn (THCS) agus Limistéar Eorpach Taighde um Thaighde Sláinte (ERA4Health) a Chothú.
 - Rinneamar ionadaíocht ar leasanna BTS agus ar thosaíochtaí straitéiseacha ar bhoird bainistíochta de chúig thionscnamh chomhphleanála Eorpacha (maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, Aiste Bia Shláintiúil le haghaidh Saol Sláintiúil, Taighde ar Ghair Néaraimheathlúcháin, Galair Neamhchoitianta, agus Leigheas Pearsantaithe).
 - I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, leanamar orainn ag cur tacaíochta ar fáil do rannpháirtíocht na hÉireann i dTriail Dlíthpháirtíochta na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), a sholáthraíonn rochtain ar theiripí nua chun COVID-19 a chóireáil.
 - Bhronnamar €1.2 milliún chun tacú le rannpháirtíocht na hÉireann sa staidéar práinnfhreagartha uile-AE a fhéachann ar éifeachtacht vacsaíní le haghaidh bolgaí moncaí.
 - D’oibríomar leis an Roinn Sláinte; leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus le páirtithe leasmhara eile chun ullmhú do rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhpháirtíochtaí AE atá beartaithe amach anseo (maidir le Galair Neamhchoitianta, Leigheas Pearsantaithe, Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, Aon Sláinte Amháin, agus Ullmhacht Paidéime.)
 - Chuamar isteach i gComhghuaillíocht an AE chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn (CoARA).
 - Leasaíomar ár mbeartas um Institiúid Óstach (IO) ionas go bhféadfadh eagraíochtaí déanta taighde (EDTanna) i dTuaisceart Éireann iarratas a dhéanamh ar stádas IO BTS. Nuair a deonaíodh an stádas IO seo, bhí EDTanna i dTuaisceart Éireann incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú BTS.
- Tacú le timpeallacht eiticíúil agus rialála atá ag teacht chun cinn**
- Leanamar orainn ag tacú le hobair agus le fás na hOifige Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde. In 2022, i measc na ngníomhaíochtaí a rinne an Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde:
- Thacaigh an Oifig leis an gCoiste Náisiúnta um Eitic Thaighde (CNET) le haghaidh trialacha cliniciúla agus feistí leighis, agus le buanchoiste an CNET COVID-19 maidir le 98 tuairim eitice a sheachadadh d’iarratais nua staidéir agus 415 tuairim eitice le haghaidh modhnuithe suntasacha ar staidéir atá ann cheana le linn 60 cruinniú coiste

- Sheol an Oifig an dara feachtas léirithe spéise poiblí le haghaidh ballraíochta chun an CNET a chomhlánú agus a neartú le haghaidh trialacha cliniúla agus feistí leighis, agus ceapadh 15 chomhalta nua, rud a mhéadaigh an bhallraíocht chomhchoiteann chuig 86
- Bhunaigh an Oifig CNET saincheaptha, a ceapadh go haireachta, chun maoirseacht eiticíúil a sholáthar ar Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann (BNCE), agus
- D'óstáil an Oifig seimineár gréasáin na hOifige Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde, 'Foghlaim, léargais agus na chéad chéimeanna eile'.

Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh ag tacú leis na hoibríochtaí Rúnaíochta a thacaíonn leis an gCoiste um Dhearbhú Tola do Thaighde Sláinte (CDTTS). I measc a chuid gníomhaíochtaí in 2022 bhí 10 gcruinniú coiste, áit a ndearna sé dearbhuithe toilithe le haghaidh 11 staidéar taighde sláinte nua. Chomh maith leis sin, d'fhaomh sé 14 iarratas ar leasú ar dhearbhuithé toilithe reatha agus rinne sé maoirseacht ar 67 athbhreithniú bliantúil.


Barr feabhais eagraíochtúil

D'éirigh linn an méid sin a bhaint amach mar thoradh ar thiomantas, dúthracht agus saineolas ár bhfoirne, chomh maith le maoirseacht oilte Bhord BTS. Gabhaimid buíochas ó chroí le gach duine a bhí páirteach sa mhéid a bhainamar amach in 2022.

Cuirimid béim freisin ar ár bhFoirne Oibríochtaí Corparáideacha Airgeadais, Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), Acmhainní Daonna (AD), agus Cumarsáide, a rinne an-chuid oibre le linn na bliana. Ar an obair sin bhí feabhsuithe ar shonraí, cibearshláindáil, agus rialachas airgeadais agus corparáideach; lorg digiteach méadaithe; pleanáil fheabhsaithe fórsa saothair; agus tionscnaimh leathnaithe sláinte, folláine, comhionannais agus cuimsithe.

Treo na todhchaí

Níl dabht ach go bhfuil comhiarrachtaí ár bhfoirne agus Bhord BTS tar éis an bealach a réiteach go mbeidh todhchaí gheal romhainn amach anseo. In 2023 agus ina dhiaidh sin, cinnteoidimid go mbainfear amach cuspóirí ár straitéise reatha; go ndéanfaimid tuilleadh oibre lenár gcomhpháirtithe sa bhaile agus thar lear a bhfuil meas mór againn orthu; agus go leanfaimid ar aghaidh le fionnachtain taighde na hÉireann a aistriú chuig dul chun cinn i gcúram sláinte agus sóisialta a mhúnlaíonn beartas agus cleachtas, a chuireann borradh faoi shláinte agus faoi fholláine, a sholáthraíonn cúram níos fearr, agus, thar aon rud eile, a fheabhsaíonn saolta daoine.



An Dr Máiread O'Driscoll

Príomhfheidhmeannach



An tOllamh Bernadette Hannigan

Cathaoirleach

Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS in 2022

Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shláinte atá ag teacht chun cinn

Tacóidh infheistíocht €10 milliún do 33 Tionscadal faoi stiúir Imscrúdaitheoirí (TFSI) le taighde ardchaighdeán atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus ar féidir léi dúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le cúram sláinte agus sóisialta a fhreagairt. Bhí tionscadail taighde ar scitsifréine, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, agus cúram do dhaoine scothaosta in ospidéal i measc na dtionscadal ar éirigh leo dámhachtain a fháil.

Leigheas pearsantaithe a fhiosrú in Éirinn

Thug Comhdháil Náisiúnta BTS 2022 breis agus 170 páirtí leasmhar le chéile, lena n-áirítear guthanna poiblí agus othar, chun an leigheas pearsantaithe a phlé. Osclaíonn leigheas pearsantaithe ionchais nua le haghaidh cuir chuige níos fearr agus níos spriocdhírthe i leith cúram sláinte agus cuireann sé an chóireáil cheart ar fáil don duine ceart ag an am ceart.



Oiliúint a leathnú do dhochtúirí, d'fhioclóirí agus do thréidlianna

Tá sé mar aidhm ag Clár Oiliúint Acadúil Chliniciúil na hÉireann trasteorann de chuid an BTS (BTS-ICAT), atá ar luach €21 milliún, glúin nua taighdeoirí sláinte cliniciúla den chéad scoth a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil; comhtháthú taighde agus fianaise ar bheartas agus ar chleachtas a chur chun cinn; agus feabhas a chur ar chinnteoireacht agus ar thorthaí sláinte.



Scrúdú a dhéanamh ar úsáid substaintí i measc daoine óga



Sa tuarascáil *Úsáid alcóil agus drugaí eile i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn: leitheadúlacht, fachtóirí riosca agus cosanta, iarmhairtí, freagairtí agus beartais* tugadh foinsí éagsúla faisnéise le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid alcóil agus drugaí eile i measc daoine óga in Éirinn. Tugann an forbheathnú seo eolas cothrom le dáta faoi staid na ndrugaí agus an alcóil i measc daoine óga.

Tús áite a thabhairt do dhaoine

Aithnímid an t-ualach a chuireann deacrachtaí meabhairshláinte orthu siúd a mbíonn thíos leo agus ar na daoine atá muinteartha leo, agus i mí na Nollag, d'fhógair an tAire Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Mary Butler, príomhról an BTS i bhforbairt na chéad straitéise taighde agus meastóireachta meabhairshláinte in Éirinn.

Monatóireacht a dhéanamh ar chóireáil d'fhadhbanna alcóil in Éirinn

Tugadh le fios inár bhfeasachán *National Drug Treatment Reporting System 2015 – 2021 Alcohol Treatment Data* (An Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí 2015 – 2021 Sonraí maidir le Cóireáil Alcóil) le fios gur caitheadh le 50,304 cás san iomlán a bhain le húsáid fhadhbach alcóil in Éirinn idir 2015 agus 2021. Léiríonn na figiúirí ón gCóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (CTNCD) de chuid an BTS laghdú ar líon na gcásanna cóireáilte ó 7,618 in 2015 go dtí 6,859 in 2021, mar aon le laghdú beag ar líon na gcásanna nua a tuairiscíodh.



Tháinig méadú faoi thrí ar chásanna cóireála cócaoin idir 2015 agus 2021

Léiríonn figiúirí BTS go bhfuil fás leanúnach ag teacht ar líon na ndaoine ag lorg cóireála d'úsáid fhadhbach cócaoin. Tá cócaon tagtha in ionad hearóin anois mar an druga is mó fadhbanna i measc cásanna cóireála nua a tuairiscíodh don BTS. Cuireann na figiúirí seo béim ar leitheadúlacht mhéadaitheach an chócaoin mar dhruga fadhbach i sochaí na hÉireann agus is féidir linn an t-eolas seo a úsáid chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cleachtas a thacóidh le cuir chuige chóireála agus chun dul i ngleic le fachtóirí riosca agus cosc.

Maoiniú ón Aontas Eorpach a threorú

Cuireann baill foirne BTS atá ag gníomhú i ról an Lárionaid Náisiúnta agus an Phointe Teagmhála Náisiúnta faisnéis agus treoir mhionsonraithe ar fáil do phobal taighde na hÉireann maidir leis na deiseanna maoinithe atá ar fáil ó chlár EU4Health agus Fís Eorpach faoi seach. In 2022, fuair taighdeoirí Éireannacha €29.2 milliún de mhaoiniú bliantúil ón Aontas Eorpach (AE), an méid is airde riamh.



An chéad ghlúin eile de thaighdeoirí acadúla a chothú

Bhí neamhionannas sláinte, scitsifréine, agus teiripí do leanaí a raibh fiobrós chisteach orthu ar thrí de naoi n-ábhar thábhachtacha a raibh infheistíocht €7 milliún le déanamh orthu faoi na Dámhachtainí Imscrúdaitheoirí atá ag Teacht Chun Cinn (DITCC) do Shláinte 2022.

Ag tacú le taighde ar ghalair neamhchoitianta

Cuireann an infheistíocht €1 mhiliún atá déanta againn i Líonra Trialach Cliniciúla nua um Ghalair Neamhchoitianta (LTC-GN) le tacaíocht fhadtéarmach an BTS don réimse tábhachtach taighde sláinte seo. Ina theannta sin, d'infheistigh Scéim Chómhoinithe Charthanais Taighde Sláinte Éireann (CTSE)-BTS beagnach €4 mhiliún i 19 dtionscadal taighde nua, agus déanann go leor acu imscrúdú ar ghalair neamhchoitianta. Anois san 11ú babhta maoinithe, tá 153 dámhachtain ar fiú beagnach €30 milliún iad maoinithe ag an Scéim.

Béim a leagan ar threochtaí maidir le hiontráil shíciatracha

Léiríonn figiúirí ón gCóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Othair Shíciatracha Chónaitheacha (CTNOSC) *Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí Aonaid Shíciatracha agus Ospidéal na hÉireann 2021* go bhfuil líon na n-iontrálacha a bhaineann le neamhoird itheacháin i measc leanaí agus déagóirí ag ardú i gcónaí. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar fhilleadh de réir a chéile ar uimhreacha réamh-COVID-19 d'iontrálacha othar cónaitheach síciatrach in 2021, agus gurb é an dúlagar an diagnóis is coitianta fós maidir le hiontrálacha in aonaid shíciatracha.



Fianaise a chur chun cinn – cúram sláinte agus sóisialta eolasach



In éineacht leis an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann, rinneamar infheistíocht €3.3 milliún chun tacú le Evidence Synthesis Ireland, Cochrane Ireland san áireamh. Is cur chuige uile-oileáin é seo chun sintéis fianaise a neartú agus fianaise ardchaighdeáin a chur ag croílár na ngnáthchinnntí a dhéantar i gcúram sláinte agus sóisialta.

Tacaíodh le 10 gcrúinniú den Choiste um Dhearbhu Tola do Thaighde Sláinte (CDTTS)

Bunaíodh Coiste Eitice Taighde (CET) Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann (BNCÉ) chun measúnú eiticiúil náisiúnta a sholáthar ar oibríochtaí agus rialachas BNCÉ

Léiríodh barr feabhais sa rialachas digiteach (i gcomhréir le dea-chleachtais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)) lenár bplean coinneála agus scríosta sonraí

Tuairiscíodh ar threochtaí cóireála 7 mbliana (2015–2021) maidir le húsáid fhadhbach drugaí agus alcóil

Chuir ár dtuarascáil *Tionscnaimh chun torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú i bpobail dhíothacha* le measúnuithe foirmiúla ar 19 gClár um Pobail Shláintiúla de chuid SláinteCare

Foilsíodh athbhreithniú fianaise ar thosca a fheabhsaíonn folláine agus sláinte san ionad oibre

Infheistíodh i dtaighde chun altraí agus cnáimhseacha taighde cliniciúla ardoilte a mhealladh agus a choinneáil in Éirinn

Infheistíodh €6 mhiliún chun oiliúint a chur ar 30 mac léinn PhD i réimsí taighde ar shláinte an daonra, ar bheartas agus ar sheirbhísí sláinte

Foilsíodh athbhreithniú fianaise nach bhfuarthas aon fhianaise chinntitheach ann go mbaineann fluairídiú uisce pobail le droch-éifeachtaí sláinte

Foilsíodh *Health Research in Action 2021*, an leagan is déanaí den tuarascáil bhliantúil seo



Bunspriocanna inghnóthaithe i gcomhréir le straitéis 2021–2025 an BTS

Is é BTS an phríomhghníomhaireacht maoinithe phoiblí in Éirinn a thacaíonn le taighde nuálach sláinte agus le cúraim shóisialta. Mar atá leagtha amach sa straitéis nua le haghaidh 2021–2025, *taighde Sláinte – tionchar a imirt*, is í an fhís atá againn ná sláinte níos fearr a sholáthar trí leas a bhaint as taighde, as sonraí agus as fianaise den scoth. Is é ár misean ná tacú le taighde a chuireann feabhas ar shláinte daoine, a chuireann cúram bunaithe ar fhianaise chun cinn agus a chruthaíonn réitigh ar dhúshláin na sochaí.

I *dTaighde Sláinte – tionchar a imirt*, tugtar sonraí freisin ar ár ngealltanas chun daoine a chur ag croílár gach rud a dhéanaimid, mar a threoraítear ag ár luachanna mar eagraíocht: ceannaireacht, neamhspleáchas, cuntasacht, cáilíocht, freagrúlacht, comhar agus ionchuimsitheacht.

Chun é seo a bhaint amach, luaitear sé chuspóir straitéiseacha sa straitéis a threoróidh na gníomhaíochtaí. Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar béim ar na príomhéachtaí a baineadh amach in 2022 i gcomhréir le cuspóirí na straitéise, agus taispeántar roinnt samplaí de na torthaí agus na héachtaí suntasacha sin.

Gnéithe Iárnacha de straitéis 2021–2025 an BTS



Cuspóir straitéiseach 1

Taighde a dhéanann difríocht

Cumasaíonn an taighde dul chun cinn i gcúram sláinte agus sóisialta, rud a dhéanann difríocht mhór do shaol daoine.

Tá an BTS tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i dtaighde a chuireann luach leis an tsláinte i gcoitinne, leis an gcóras sláinte, leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar.

Déanaimid é sin trí phunann mhaoinithe straitéiseach chothromaithe a fhreagraíonn do riachtanais an tsaoil mar atá; trí chomhoibriú le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán agus nuálaíocht a spreagadh sa chóras sláinte; agus trí thacú le rannpháirtíocht fhiúntach othar, cúramóirí agus an phobail sa taighde. Cinntíonn sé sin go gcuirtear taighde atá maoinithe ag an BTS i bhfeidhm go praiticiúil agus go gcuireann sé le torthaí níos fearr d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann.

Príomhspríocanna a baineadh amach in 2022:

- Chuireamar taighde reatha agus pleanálte maidir le COVID-19 agus le hullmhacht paidéime faoi bhráid an Phríomhoifigigh Leighis (CEM) agus Ghrúpa Comhairleach COVID-19.
- Ghlacamar páirt i:
 - Cruinnithe rialta leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le grúpa idirchaidrimh taighde sláinte chun straitéis agus cultúr taighde leathanbhunaithe a chur chun cinn sa chóras cúraim sláinte

- Fóram Forfheidhmithe IMPACT 2030 chun cur le Straitéis Taighde agus Nuálaíochta Uile-Rialtais na hÉireann, Tionchar 2030
- An Grúpa Náisiúnta Taighde Ailse, faoi chathaoirleacht an Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse (CNRA), chun monatóireacht a dhéanamh ar infheistíocht náisiúnta i dtaighde ailse agus tionchar a imirt uirthi mar a leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*, agus
- Grúpa Forfheidhmithe Chuibhreannas Ailse na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na hInstitiúide Náisiúnta Ailse (agus grúpaí oibre gaolmhara) chun gníomhaíocht taighde ailse idir Tuaisceart Éireann, Poblacht na hÉireann, agus an Institiúid Náisiúnta Ailse i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur chun cinn.
- Thacaíomar leis an Roinn Sláinte maidir le Fóraim Chomhairleacha agus Geallsealbhóra an Choimisiúin Eorpaigh um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (UFÉS), ar an gclár oibre taighde agus nuálaíochta atá ag teacht chun cinn do UFÉS. D'óstálamar cuairt toscairí UFÉS ar Éirinn chomh maith.
- Ina theannta sin, bhronnamar seacht nDámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí (DCF) chómhaoinithe ar a raibh luach €1.6 milliún ina iomláine.

- Choimisiúnaíomar measúnú neamhspleách ar Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois (TILDA) agus fuairéamar maoiniú €15 milliún ón Roinn Sláinte chun iarratas nua a lorg ar thrí bhabhta eile TILDA (ó 2023 go 2028).
- Chuireamar Gníomh 93 chun cinn, '*Straitéis Náisiúnta Taighde agus Measúnaithe Seirbhíse Meabhairshláinte agus Meabhairshláinte don Phobal a Fhorbairt*', ó Chomhroinnt na Físe: Beartas Meabhairshláinte do Chách (2020) trí Chlárbhainisteoir nua a cheapadh. Bunóidh an clár bhainisteoir an Sainghrúpa a fhorbróidh an straitéis le linn 2023. D'éirigh linn maoiniú breise a fháil chun cúig thionscadal taighde bhreise a dhéanamh i réimsí atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha Chomhroinnt na Físe.
- Mhaoiníomar 33 Thionscadal faoi stiúir Imscrúdaitheoirí (TFSI) le hinfheistíocht iomlán ar luach €11.4 milliún ina hiomláine. Is í seo an scéim TFSI is mó a bhí ag an BTS go dtí seo, agus tá sí deartha chun tacú le taighde atá thar a bheith nuálach agus iomaíoch go hidirnáisiúnta ar féidir leis freagairt do dhúshlán a thiocfaidh chun cinn maidir le cúram sláinte agus sóisialta.
- In éineacht le Carthanais Taighde Sláinte Éireann (CTSE), chuireamar €2.4 milliún d'infheistíocht chómhaoinithe ar fáil chun tacú le 19 dtionscadal a thugann aghaidh ar thosaíochtaí taighde aitheanta na gcarthanais rannpháirteach. Is é €3.8 milliún luach na hinfheistíochta ina hiomláine.
- I gcomhpháirt le FEÉ, d'fhorhnuíomar 10 dtogra le cur faoi bhráid na nInstitiúidí Náisiúnta Sláinte (INSanna) le haghaidh athbhreithniú piaraí faoin gclár Comhpháirtíochta um Thaighde agus Forbairt idir na Stáit Aontaithe agus Éire.
- Sheolamar an Sásra Mearfhreagartha chun tacú le taighdeoirí na hÚcráine atá i ngéarchéim (Ucrisis 2022).
- Sheolamar babhta nua de na Dámhachtainí Idirghabhála agus Féidearthachta Deifnídeacha (DIFDanna); tacaíonn siad seo le staidéir tacaíochta a dhéanann measúnú ar éifeachtúlacht nó éifeachtacht, costas agus tionchair leathana idirghabhála, agus áirítear leo trialacha rialaithe randamaithe agus trialacha neamh-randamaithe.
- Thacaigh Lónra Ignite RPO leis an gcéad Fhéile Náisiúnta Rannpháirtíochta Poiblí agus Othar (RPO), ina raibh níos mó ná 40 imeacht le linn 2 sheachtain i mí Dheireadh Fómhair.
- Thugamar faoi phróiseas athbhreithnithe RPO do 201 iarratas ar mhaoiniú. Leis seo bhí sé 166 iarratas a fuair athbhreithnithe scríofa RPO agus 35 iarratas inar bhunaigh baill an phainéil RPO, mar aon le baill den phainéal eolaíochta, an painéal athbhreithnithe do Scéim Chómhaoinithe Charthanais Taighde Sláinte Éireann (CTSE)-BTS.
- Choimisiúnaíomar tionscadal, a bronnadh ar Mazars, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtais measúnaithe maoinithe d'fhonn bonn eolais a chur faoi fhorbairt phlean nua forfheidhmithe monatóireachta agus measúnaithe BTS do 2023-2025.

Cás-Staidéar 1

Úsáideoirí eolais agus taighdeoirí i gcúram sláinte agus sóisialta a nascadh

Tá Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí (DCF) an BTS ag teacht leis an gcuspóir atá againn chun tacú le taighde sláinte agus cúraim shóisialta a dhéanann difríocht mhór i saol daoine.

Tugann DCF úsáideoirí eolais agus taighdeoirí le chéile i dtosach an smaoinimh taighde. Toisc go bhfanann na húsáideoirí deiridh ceangailte le linn shaolré iomlán an tionscadail, tá dóchúlacht i bhfad níos mó ann gur féidir torthaí ábhartha a chomhshamhlú go tapa i gcleachtas agus i gcúram feabhsaithe.

Agus í ag trácht ar an scéim DCF, dúirt an Dr Catherine Gill, Clárhainisteoir ar Chláir Spriocdhíríte agus ar Mheasúnú BTS, “Is díol suntais an ghné chómhaoinithe atá ag an scéim. Maoiníonn na comhpháirtithe 20% ar a laghad de gach dámhachtain agus léiríonn an infheistíocht seo fíorthiomantas don tionscadal agus an fonn na torthaí a fháil go tapa, go mbeidh siad á gcur i bhfeidhm i mbeartas agus i gcleachtas.”

I mbabhta 2022 den DCF, thug comhpháirtithe níos mó ná €250,000 sa bhreis ar infheistíocht an BTS ar luach beagnach €1.3 milliún i seacht dtionscadal.

Is iad seo a leanas na comhpháirtithe sin:

1. LauraLynn – Ospís Leanaí na hÉireann
2. Baile an Bhairéadaigh
3. Diaibéiteas i gCleachtas Ginearálta
4. Fondúireacht Croí na hÉireann
5. An Clinic Lárnach Íocshláinteach
6. Titimeas Éireann, agus
7. Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann.



Anseo, cloisimid ó na príomhiarratasóirí ar thrí thionscadal taighde a mhaoinítear faoin scéim seo:

1. Tionscadal: Déanamh cuimhní le caitheamh aimsire teiripeach do theaghlaigh leanaí a bhfuil galar lena mbaineann baol báis orthu agus a fhaigheann cúram maolaitheach sa bhaile: Oidhreacht scéalaíochta digítí á hoiriúnú mar chóir leighis

Comhpháirtí: Baile an Bhairéadaigh

Príomhiarratasóir: An tOllamh Veronica Lambert, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Dúirt an tOllamh Veronica Lambert:

Cabhróidh an taighde seo le leanaí a bhfuil cúram maolaitheach de dhíth orthu, a scéal saoil a thaifeadadh agus pleanáil a dhéanamh lena dteaghlaigh do dheireadh a saoil. Déanfaidh sé athbhreithniú ar an gcaoi a n-úsáidtear scéalaíocht dhigiteach chuige seo sna Stáit Aontaithe, agus oibreoidh sé le páirtithe leasmhara agus le teaghlaigh chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir na Stáit Aontaithe agus Éire a iniúchadh. Cuirfidh an taighde bonn eolais faoi mheasúnuithe amach anseo ar an scéalaíocht dhigiteach agus cuirfidh sé le tacaíocht mhéala luath do theaghlaigh leanaí a bhfuil galar lena mbaineann baol báis orthu agus a fhaigheann cúram maolaitheach sa bhaile.

2. Tionscadal: Co-designing Life After Stroke Support Pathways (CLASP)

Comhpháirtí: Fondúireacht Croí na hÉireann

Príomhiarratasóir: An tOllamh Frances Horgan, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ), Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte

Dúirt an tOllamh Frances Horgan:

Déanfaidh an tionscadal imscrúdú ar bhealaí chun tacú le hothair tar éis stróc agus tá sé comhdheartha le marthanóirí stróc, abhcóidí stróc, saineolaithe acadúla agus cliniceoirí speisialaithe. Tá ceithre ghné sa taighde. Baineann siad seo le hathbhreithniú a dhéanamh go tapa ar an bhfianaise ar dhea-chleachtas i gcúram pobalbhunaithe do mharthanóirí stróc; seirbhísí atá ann cheana agus líon na ndaoine a tháinig slán ó stróc in Éirinn a aithint; tosaíochtaí cúraim maidir le hothair, le cúramóirí agus le páirtithe leasmhara eile a aithint; agus bealach cúraim costáilte, réalaíoch a chomhdhearadh le cur i bhfeidhm i gcóras cúraim sláinte na hÉireann.

3. Tionscadal: Faisnéis sláinte agus acmhainní oideachais do mhná a bhfuil titimeas orthu, ón tréimhse réamhchoimpeartha go dtí an tréimhse iarbhreithe

Comhpháirtí: Cumann Titimis na hÉireann

Príomhiarratasóir: An Dr Aisling Walsh, Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte CRMÉ

Dúirt an Dr Aisling Walsh:

Scrúdóidh an tionscadal seo bearna taighde do mhná a bhfuil titimeas orthu ar feadh an turais atáirgthe. Níor scrúdaigh aon staidéar roimhe seo riachtanais faisnéise sláinte na mban, agus a dteaghlaigh, a bhfuil titimeas orthu in Éirinn, le linn na tréimhse réamhchoimpeartha go dtí an tréimhse iarbhreithe. Tá sé seo aibhsithe go seasta ag mná a bhfuil titimeas orthu mar phríomhriachtanas taighde le blianta beaga anuas. In éineacht lenár gcomhpháirtithe, cruthóimid sraith acmhainní oideachais sláinte a bheidh bunaithe ar fhianaise, do mhná a bhfuil titimeas orthu agus do ghairmithe sláinte.

Cás–Staidéar 2

Rannpháirtíocht an Phobail agus Othar (RPI) i dtaighde a cheiliúradh

Thar choicís i mí Dheireadh Fómhair 2022, ghlac níos mó ná 2,000 duine páirt i níos mó ná 40 imeacht don chéad Fhéile Náisiúnta RPI bhliantúil de chuid Líonra Ignite RPI, arna maoiniú ag BTS.

Bunaíodh Líonra Ignite RPI in 2021 agus tá suíomhanna ceannasacha aige i seacht n-ollscoil, agus tá an oifig náisiúnta lonnaithe in Ollscoil na Gaillimhe.

Tá an Líonra ina chuid lárnach de straitéis BTS le go mbeidh daoine páirteach i dtaighde sláinte agus cúraim shóisialta. Bhí roinnt príomhchuspóirí ag an gcéad fhéile, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt don dul chun cinn go dtí seo agus feasacht an phobail agus an taighdeora ar RPI a mhéadú.

Dúirt Edel Murphy, Clárghainisteoir Náisiúnta do Líonra Ignite RPI:

Meascán de chruinnithe ar an láthair, hibrideacha agus ar líne a bhí sna himeachtaí agus úsáideadh formáidí éagsúla chun plé a spreagadh, chun eolas a scaipeadh agus chun siamsaíocht a chur ar fáil. Ina measc bhí caiféanna comhrá, taispeántais faisnéise, podchraoltaí beo, ceardlanna agus plé ar líne. Bhíomar thar a bheith sásta leis na torthaí. Fuair ár bpostálacha ar Twitter 2,400 ordóg in airde agus 500 trácht agus shaothraigh an t-ábhar ón bhféile níos mó ná 1 mhilliún taispeáint.

Bhí fonn ar na grúpaí a raibh taithí acu ar RPI, grúpaí a mbíonn ag obair i saotharlanna agus i dtimpeallacht chliniciúil araon, a gcuid eolais agus léargais a roinnt le linn na féile. Féachaimis ar na trí dhea-shampla seo a leanas:

RPI i dtaighde airtritis

Rinne an tOllamh Helen French agus an Dr Joice Cunningham ó Scoil na Fisiteiripe, CRMÉ, ceiliúradh ar Lá Domhanda an Airtritis ar an 12 Deireadh Fómhair le podchraoladh inar pléadh an chaoi a gcuireann RPI lena dtaighde airtritis, tionscadal ENACT (oisté-airtríteas a bhainistiú i gcúram príomhúil na hÉireann), atá maoinithe ag dámhachtain BTS Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí (TFSI). Is baill de phainéal RPI thionscadal ENACT iad Maria Bolton agus Eric Boyle. Ar an bpodchraoladh phléigh siad a dtaithí le hoisté-airtríteas, an fáth ar ghlac siad páirt sa phainéal, agus an méid a chuir siad leis an tionscadal go dtí seo. Is féidir éisteacht leis an bpodchraoladh ar leathanach na Féile [den mhol ar líne de chuid Líonra RPI Ignite](#), a fheidhmíonn mar acmhainn phobail atá saor in aisce.

Chualathas tuairimí na ndaoine;
tugadh cluas éisteachta dúinn agus
bhí suim ag gach duine inár scéal.
Ní dhearnadh faillí i nduine ar bith,
ní raibh duine ar bith faoi bhrú.

RPI i dtaighde saotharlannbhunaithe

I seimineár gréasáin, roinn Laura Jacobs, Oifigeach Sinsearach Taighde Parkinson's UK, agus Bec Hanley, comhairleoir neamhspleách RPI sa Ríocht Aontaithe, a dtaithí ar thaighde ghalar Parkinson a dhéanamh i dtimpeallacht shaotharlannbhunaithe ina mbíonn fórbheagán teagmhála idir na taighdeoirí, na hothair agus daoine eile a bhfuil tionchar díreach ag an ngalar orthu. Baineann dúshlán le RPI fiúntach a chur i bhfeidhm sa chás sin. Mar sin féin, leis an gcur chuige ceart, thug ionchur ó dhaoine a bhfuil galar Parkinson orthu léargais nua do thaighdeoirí ar bheag seans go ndéanfaí machnamh orthu murach sin. Tá an seimineár gréasáin a d'éagraigh comhpháirtí náisiúnta RPI Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ar fáil freisin [ar leathanach na Féile](#) ar shuíomh gréasáin Líonra RPI.

Teacht le Chéile Rannpháirtithe RPI

Ócáid a bhí ann a d'éagraigh rannpháirtithe RPI ar son rannpháirtithe RPI. Bhí an ócáid ar siúl ar an láthair i nGaillimh. Thaistil tríocha rannpháirtí agus ball pobail nach raibh taithí acu ar RPI roimhe sin, go Gaillimh ó 11 chontae éagsúla agus roinn siad a scéalta agus a dtaithí maidir le RPI. Mar a dúirt duine den lucht freastail, “Chualathas tuairimí na ndaoine; tugadh cluas éisteachta dúinn agus bhí suim ag gach duine inár scéal. Ní dhearnadh faillí i nduine ar bith, ní raibh duine ar bith faoi bhrú”

Dar leis an Ollamh Sean Dinneen, Ceannaire Líonra Ignite RPI, “Táimid ag súil go mór le lucht féachana nua a mhealladh chuig Féile 2023, agus aird a tharraingt ar chuid den nuálaíocht atá ag tarlú de réir mar a éiríonn RPI níos lárnaí i gcóras taighde na hÉireann.”

Cuspóir straitéiseach 2

Guth neamhspleách

Tá sé mar aidhm againn a bheith inár nguth neamhspleách inchreidte don taighde agus don fhianaise, agus a bheith inár gceannaire machnaimh iontaofa. Leanann ionad fianaise an BTS de bheith ag tacú le fianaise neamhspleách inchreidte a ghiniúint chun bonn eolais a chur faoi chinntí lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus an phobail.

Féachaimid freisin le comhordú a fheabhsú eatarthu siúd a ghabhann do shintéis fianaise ar fud na tíre agus an domhain, agus déanaimid ár ndícheall an mhuinín atá ag daoine as an bhfianaise a tháirgtear a thuilleamh agus a chothú, agus ag an am céanna idirphlé a éascú maidir le hábhair an taighde sláinte atá ag teacht chun cinn.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2022:

- Chuir Ionad Fianaise an BTS 15 tháirge fianaise ar fáil. Ina measc siúd bhí:
 - Ceithre athbhreithniú fianaise ar ábhair a bhaineann le tionchar fhlúairídiú an uisce pobail ar shláinte, sláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn, cáiréas fiacla a bhainistiú, agus seirbhísí cóireála drugaí, téarnaimh agus laghdaithe díobhála a dhearadh agus a chur i bhfeidhm
 - Naoi gcinn d'fhianaise scríofa don Roinn Sláinte, a théann i ngleic le hábhair lena n-áirítear feabhas a chur ar shláinte agus ar thorthaí i bpobail dhíothacha agus ar chur chuige idirnáisiúnta i leith shláinte na mban, rialáil seirbhísí cógaisíochta ospidéal agus ról, feidhm agus soláthar oibríthe cúraim baile, agus
 - Dhá spriocphointe fianaise (cur i láthair ó bhéal) ar chórais lipéadaithe cothaithe agus déchleachtas dochtúirí.
- D'fhoilsigh foireann BTS cúig pháipéar taighde bunaithe ar a gcuid oibre in irisí piarmheasúnaithe. Bhain siad seo le hábhair lena n-áirítear féinmharú, úsáid drugaí, cearrbhachas agus úsáid leabharlainne.

- Bhronnamar 27 Dámhachtain Aistrithe Eolais (DAE) ar luach €1.1 milliún. Cuidíonn na dámhachtainí seo leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag torthaí taighde ar bheartas nó ar chleachtas a uasmhéadú agus/nó chun torthaí taighde agus taighde a chur in iúl don phobal i gcoitinne.
- Bhronnamar 15 Dhámhachtain Urraíochta Comhdhála agus Imeachtaí ar luach €75,000. Ina measc, bhí sé chomhdháil náisiúnta agus seacht gceardlann/seimineár.
- Ghlacamar páirt i sraith imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun Lá Idirnáisiúnta na dTrialacha Cliniciúla 2022 a cheiliúradh.
- D'óstálar Comhdháil an BTS (lenar bhain an téama, Leigheas Pearsantaithe in Éirinn: Taighde a chur chun cinn, a thacaíonn le claochlú an chórais sláinte agus a théann chun tairbhe d'othair), a thug tuiscint níos fearr do níos mó ná 170 duine ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le leigheas pearsantaithe d'othair, don chóras cúraim sláinte agus don phobal.
- D'fhorbraíomar feachtas ar líne agus ar na meáin shóisialta chun torthaí taighde BTS ón bhfoilseachán bliantúil, *Health Research in Action*, a chur chun cinn.
- Chuireamar pleananna cumarsáide i bhfeidhm chun feachtas a fheabhsú maidir le maoiniú an Aontais Eorpaigh (AE) atá ar fáil do thaighdeoirí Éireannacha.
- Leanamar orainn ag cur feachtas agus tuisciana ar fáil faoi chás na ndrugaí agus an alcóil in Éirinn trí úsáid a bhaint as na meáin, imeachtaí agus foilseacháin.
- Chuamar i dteagmháil leis na meáin phríomhshrutha agus le grúpaí spriocdhírthe chun an tionchar atá ag ár gcórais faisnéise agus ag Ionad Fianaise an BTS ar bheartas agus ar chleachtas a léiriú.



Cás–Staidéar 3

Tá guth inchreidte cothrom á chur ag an BTS leis an bplé beartais maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte


Tá saineolas agus treoir BTS ag déanamh fíor-dhul chun cinn chun a chinntiú gur féidir rochtain a fháil ar shonraí sláinte agus na sonraí sin a nascadh le chéile chun ceisteanna taighde agus beartais a fhreagairt ar bhealaí nach féidir a dhéanamh in Éirinn agus san Eoraip faoi láthair.

Tá an obair seo ag leanúint lenár n-obair sheanbhunaithe agus lenár gceannaireacht smaointeoireachta sa spás seo. Mar shampla, spreag ár dtuarascáil in 2016, *Moltaí do Thimpeallacht Chumasaithe Sonraí maidir le Sláinte agus Taighde Sláinte in Éirinn*, comhrá náisiúnta faoin gcaoi a bhféadfaí sláinte, seachadadh cúraim sláinte agus taighde sláinte daoine a fheabhsú dá ndéanfadh Éire infheistíocht i mbonneagar teicniúil náisiúnta agus i seirbhísí tacaíochta le haghaidh rochtana agus nascála ar shonraí sláinte. Cuireadh coincheap i láthair sa tuarascáil ar a dtugtar an tsamhail um Rochtain, Stóráil, Comhroinnt agus Nascáil Sonraí (RSCNS) chun sonraí sláinte a bhainistiú go sábháilte agus go slán.


Chuir ár gcomhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) le tuiscint an BTS ar na teorainneacha agus na dúshláin a bhaineann le soláthraithe sonraí agus iad siúd atá ag iarraidh rochtain shlán a fháil ar thacair sonraí sláinte tábhachtacha chun rochtain a thabhairt do thaighdeoirí ar Mhol Taighde Sonraí COVID-19. D'fhoghlaimíomar go leor maidir le rochtain shábháilte a fháil ar shonraí nuair a bunaíodh an Bord um Rialachas Sonraí Taighde chun tacú leis an gcinnteoireacht maidir le hiarratais rochtana ar Mhol Taighde Sonraí COVID-19.

Dúirt an Dr Teresa Maguire, Stiúrthóir Straitéise agus Maoinithe Taighde an BTS:

Thángthas ar roinnt moltaí tábhachtacha chun cur leis an bplé pleanála beartais maidir le roinnt sonraí sláinte in Éirinn agus san Aontas Eorpach tar éis dúinn tionscadal arna mhaoiniú ag BTS a chur i gcrích in 2022. Bhain an tionscadal le bonneagar teicniúil cruthúnas coincheapa a fhorbairt chun tacú le samhail RSCNS chun rochtain, comhroinnt agus nascáil sonraí a chumasú chun críocha taighde.



Tá sé mar aidhm ag TEHDAS comhphrionsabail Eorpacha a fhorbairt maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte, agus chuir ár dtaithí agus ár mbunobair go dtí seo go mór leis an gComhghníomhaíocht.



Bhí an Roinn Sláinte agus an BTS ina rannpháirtithe gníomhacha i gComhghníomhaíocht 25 tír de chuid an AE i dTreo Spás Eorpach Sonraí Sláinte (TEHDAS). Tá sé mar aidhm ag TEHDAS comhphrionsabail Eorpacha a fhorbairt maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte, agus chuir ár dtaithí agus ár mbunobair go dtí seo go mór leis an gComhghníomhaíocht.

Bhí tábhacht ar leith ag baint lenár réamhobair nuair a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) in earrach na bliana 2022. Is casta agus uailmhianach an tasc é seo agus tá sé mar aidhm aige tarchur agus comhroinnt sonraí sláinte ar fud an Aontais a rialáil.

Tá an Roinn Sláinte freagrach as caibidlíocht EHDS agus as aon rialacháin ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm a luaithe a bheidh siad tugtha chun críche.

Cuireann sé seo comhthéacs breise leis an gceadú a fuair an tAire Sláinte i ndeireadh 2022 chun Scéim Ghinearálta Bille um Fhaisnéis Sláinte a chur chun cinn. Is tábhachtach, ó thaobh BTS de, gur áiríodh sa Bhille forálacha chun rochtain shlán a chumasú ar shonraí sláinte (trí chomhlacht inniúil agus faoi réir coimircí) mar úsáid thánaisteach don taighde agus nuálaíocht sláinte.

Mar fhocal scoir, dúirt an Dr Maguire:

Tá an spreagadh le haghaidh céim-athraithe do chomhroinnt sonraí agus nasc in Éirinn níos láidre ná riamh, a bhuíochas i bpáirt le BTS, ach tá go leor samplaí de dhea-chleachtas ar féidir tarraingt orthu fós. D'fhéadfadh constaicí a bheith le sárú fós, agus tá sé ríthábhachtach nascleanúint a dhéanamh ar na comhéadain agus an t-idirghníomhú idir an Bille um Fhaisnéis Sláinte, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an EHDS nua.

Tá an BTS in ann leanúint ar aghaidh le hionchur saineolach a sholáthar agus leis na gníomhaithe fadréimseacha a bhfuil baint acu le taighde sláinte in Éirinn a chomórath, lena n-áirítear an pobal, chun a chinntiú go gcloistear tuairimí agus dearchtaí éagsúla de réir mar a théann na díospóireachtaí casta pleanála seo ar aghaidh.

Cás-Staidéar 4

Taighde nua á sholáthar ag an BTS ar chearrbhachas fadhbach in Éirinn

In 2022, chuir dhá fhoilseachán BTS fianaise thráthúil ar fáil maidir leis an gcearrbhachas fadhbach chun cabhrú le freagairtí rialála agus sláinte poiblí a threorú agus a mhúnlú.

Is tráthúil gur foilsíodh tuarascáil an BTS *An Cearrbhachas i bPoblacht na hÉireann: Torthaí ón Suirbhé Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól 2019-20* agus an páipéar piarmheasúnaithe le foireann BTS, ‘Cearrbhachas in Éirinn: Próifíl na n-eipeasóidí cóireála ó chóras náisiúnta tuairiscithe cóireála’, os rud é gur bunaíodh Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann le déanaí agus táthar ag súil go mbeidh sé faoi lán seoil in 2023.

Dúirt an Dr Sarah Craig, Ceann na gCóras Náisiúnta Faisnéise Sláinte (CNFS) ag an BTS, “Tá taighde ardchaighdeáin rithábhachtach chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht beartais agus sláinte agus cúraim shóisialta. Agus tá an BTS in ann fianaise iontaofa inchreidte a chur ar fáil a chabhróidh le hÉirinn freagairt do dhúshláin i réimsí ar nós iad siúd a bhaineann leis an gcearrbhachas fadhbach”

Anseo thíos, pléifear an dá fhoilseachán go mion:

1. **Cearrbhachas in Éirinn: Próifíl na n-eipeasóidí cóireála ó chóras náisiúnta tuairiscithe cóireála**

Scrúdaigh taighdeoirí BTS, Ita Condrón, Suzi Lyons agus Anne Marie Carew 12 bhliain de shonraí (2008–2019) ón gCóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (CTNCD) de chuid an BTS chun a fháil amach cad a d’fhéadfai a fhoghlaim maidir leis an gcearrbhachas fadhbach. Tá an CTNCD ar cheann de cheithre Chóras Náisiúnta Faisnéise Sláinte ardchaighdeáin atá á mbainistiú ag an BTS. Fuair na taighdeoirí amach gur caitheadh le beagnach 3,000 cás de chearrbhachas fadhbach le linn na tréimhse 12 bhliain ó 2008 go 2019. Bhí fadhb le húsáid substaintí (alcól nó drugaí eile) ag beagnach leath (47%) díobh siúd ar cuireadh cóireáil orthu agus thosaigh siad leis an gcearrbhachas sula raibh siad 17 mbliana d’aois.

Dúirt an Dr Suzi Lyons, Taighdeoir Sinsearach ag an CTNCD:

Is eolas luachmhar é seo toisc nach bhfuil mórán litríochta foilsithe ar neamhord cearrbhachais agus ar an dochar a bhaineann le cearrbhachas in Éirinn. Agus d'fhéadfadh nach bhfuil anseo ach an chuid is lú den scéal, mar léiríonn taighde idirnáisiúnta nach lorgaíonn ach idir 7% agus 12% de chearrbhaigh cúnamh i bhfoirm cóireála.

D'fhéadfadh lenár n-anailís cabhrú le soláthraithe seirbhíse agus lucht déanta beartas tuiscint a fháil ar mhéid na faidhbe, ar thréithe pearsanta agus úsáide substaintí na ndaoine atá ag lorg cóireála, agus ar threochtaí i lorg na cóireála le himeacht ama.

2. *Cearrbhachas i bPoblacht na hÉireann: Torthaí ón Suirbhé Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól 2019-20*

Bhí an anailís seo bunaithe ar shuirbhé a rinneadh ar 5,762 duine agus scrúdaíodh treochtaí cearrbhachais i measc daoine 15 bliana d'aois nó níos sine in Éirinn. Léirigh an anailís gur cearrbhaigh íseal-riosca iad thart ar 90,000 duine fásta, gurbh ann do 35,000 cearrbhach measartha-riosca, agus gurbh ann do thart ar 12,000 cearrbhach a bhfuil fadhb acu leis an gcearrbhachas.

Dúirt Oifigeach Taighde an BTS, an Dr Deirdre Mongan, “Tá seans cúig huaire níos mó ann go mbeadh fir ina gcearrbhaigh i mbaol seachas mná. Maidir le próifíl na gcearrbhach atá i mbaol nó a bhfuil fadhb acu, go coitianta, is fir idir 25-34 bliana d'aois iad atá ina gcónaí i gceantar díothach, atá dífhostaithe agus a bhfuil fadhbanna úsáide substaintí acu amhail úsáid drugaí, neamhord úsáide alcóil nó caitheamh tobac.”

Dúirt beagnach leath (49%) de dhaoine 15 bliana d'aois nó níos sine go raibh siad tar éis a bheith ag cearrbhachas sna 12 mhí roimh an suirbhé. Is é an cineál cearrbhachais is coitianta, a tharlaíonn i 4 as 10 gcás, ná ticéad crannchuir nó scríobchárta a cheannach ar an láthair, agus bíonn 1 duine amháin as gach deichniúr ag cearrbhachas i siopa geallghlacadóra.

Aithníodh sa suirbhé go raibh comhghaol suntasach idir cearrbhachas fadhbach agus úsáid substaintí (úsáid drugaí, neamhord úsáide alcóil, agus / nó caitheamh tobac), agus tá 13% díobh siúd a bhfuil neamhord úsáide alcóil orthu aicmithe mar chearrbhach i mbaol nó cearrbhach a bhfuil fadhb aige, i gcomparáid le 2% d'óltóirí íseal-riosca.

Cuspóir straitéiseach 3

Sonraí iontaofa

Trí rochtain ar shonraí faoi chúram sláinte agus sóisialta, go háirithe agus í nasctha le sonraí taighde agus staitistiúla, is féidir soláthar an chúraim sláinte a athrú ó bhonn, chomh maith leis an gcaoi a mbainistimid ár sláinte féin. Tá ról ceannasach maidir leis sin a chumasú glactha ag an BTS cheana féin.

Táimid tiomanta d'úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun beartas sláinte a mhúnlú, feabhas a chur ar sholáthar cúraim sláinte, agus tionscnaimh taighde agus nuálaíochta níos leithne a chur chun cinn. Thairis sin, oibreoimid chun cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an tábhacht a bhaineann le rochtain shlán ar sonraí sláinte agus cúraim shóisialta a éascú don taighde, don bheartas agus don phleanáil. Tabharfaimid tacaíocht freisin do ghlacadh an dea-chleachtais ag táirgeoirí sonraí agus taighdeoirí maidir le bainistiú sonraí, rialachas agus athúsáid.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2022:

- Sheolamar babhta nua de Thionscadail Anailíse Sonraí Tánaisteacha (TAST), a thugann taighdeoirí, úsáideoirí eolais agus rialaitheoirí sonraí le chéile chun ceisteanna a bhaineann le beartas agus / nó cleachtas a fhreagairt trí úsáid sonraí tánaisteacha.
- Chuireamar tacaíocht rúnaíochta ar fáil do Bhord um Rialachas Sonraí Taighde na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) dá Mhol Taighde Sonraí COVID-19, a d'éascaigh sé iarratas chun rochtain a fháil ar thacair sonraí COVID-19 chun críocha taighde.
- D'óstálar agus thacaíomar le hoibríochtaí na Rúnaíochta chuig an gCoiste um Dhearbhú Tola do Thaighde Sláinte (CDTTS). Chuir sé seo ar chumas an CDTTS cinntí bunaithe ar chomhthoil a chur i bhfeidhm agus sonraí pearsanta a chosaint le haghaidh taighde sláinte ar mhaithe le leas an phobail leis na dearbhuithe toilithe a rinneadh.
- Ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach, chuireamar le chéile an méid a foghlaimíodh faoi na dúshlán agus na deiseanna do chomhroinnt agus nascáil sonraí. Ar na gníomhaíochtaí a bhí i gceist, bhí:
 - Obair ar an tionscadal cruthúnais coincheapa um Rochtain, Stóráil, Comhroinnt agus Nascáil Sonraí (RSCNS) a chur i gcrích (i gcomhar le hIonad na hÉireann um Ríomhaireacht Ard-leibhéal (IÉRAL)), agus príomhthorthaí a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte
 - In éineacht leis an Roinn Sláinte, páirt a ghlacadh sa Chomhghníomhaíocht i dTreo Spás Eorpach Sonraí Sláinte (TEHDAS), a dhírigh ar chreata um rialachas agus um cháilíocht sonraí a fhorbairt a bhí ar aon dul leis an Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS), d'fhonn rochtain a chumasú ar sonraí chomh maith lena n-úsáid thánaisteach ar fud na hEorpa, rud a theastaíonn le haghaidh bonnathrú digiteach ar thaighde agus nuálaíocht i ndáil le sláinte agus le cúram sóisialta

- Cuairt tíre TEHDAS go hÉirinn a chomhordú agus dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara náisiúnta chun ullmhacht na hÉireann a mhapaíl maidir le páirt a ghlacadh sa Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS)
- Aighneacht a dhéanamh chuig an Roinn Sláinte maidir leis an dréachtrialachán foilsithe EHDS, ina mbíonn ar na Ballstáit comhlacht rochtana sonraí sláinte amháin nó níos mó agus comhlacht comhordúcháin a bhunú chun rochtain ar shonraí sláinte a sholáthar do thríú páirtithe
- Aighneacht a dhéanamh chuig an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) dá thuarascáil, *Príomhbhreithnithe chun bonn eolais a chur faoi bheartas maidir le faisnéis sláinte agus cúraim shóisialta a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt in Éirinn, agus*
- Aighneacht mhionsonraithe a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte maidir leis an Scéim Ghinearálta atá beartaithe do Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus páirt a ghlacadh in idirphlé beartais na Roinne Sláinte maidir le ceist na faisnéise sláinte.
- D'fhoilsíomar ceithre mhórtuarascáil taighde ar ábhair lena n-áirítear alcól, drugaí agus cearrbhachas. Ar na tuarascálacha sin bhí: *Cearrbhachas i bPoblacht na hÉireann: Torthaí ón Suirbhé Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól 2019-20 Alcól agus úsáid drugaí eile i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn: leitheadúlacht, fachtóirí riosca agus cosanta, iarmhairtí, freagairtí agus beartais; Suirbhé Gréasáin Eorpach ar Dhrugaí 2021: Torthaí na hÉireann; agus Úsáid fhadhbach ópóideach in Éirinn 2015-2019.*
- Chomhlíonamar ceanglais chonarthacha na hÉireann don Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) le haghaidh na bliana 2022, bunaithe ar shonraí 2021.
- D'fhoilsíomar ceithre heagrán (80-83) de *Drugnet Ireland*.
- Foilsíodh trí thuarascáil bhliantúla agus feasachán CNFS de chuid an BTS.
- D'fhreagraíomar do 100 iarratas ar shonraí ónár gcuid córas faisnéise.
- Bhailíomar sonraí fós thar ceann an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála agus na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.
- Tháinig ár ngrúpa oibre traseagraíochta ar shonraí sláinte le chéile seacht n-uaire in 2022.



Cás-Staidéar 5

Leigheas pearsantaithe sonraíbhunaithe a chur chun cinn ag an BTS

In 2022, d'infheistíomar €400,000 chun rannpháirtíocht na hÉireann sa Tionscadal um Bonneagar Sonraí Géanómaíocha (BSG) a chómhaoiniú, a dhéanfaidh ullmhúchán chun tacú le dea-chleachtas i mbainistiú agus rialachas sonraí othar na hÉireann agus na hEorpa.

Is infheistíocht €40 milliún é Tionscadal BSG a thugann gníomhaireachtaí náisiúnta, eagraíochtaí taighde, soláthraithe teicneolaíochta agus eagraíochtaí othar le chéile i 20 tír. Is é an sprioc uileghabhálach ná líonra cónasctha trasteorann de bhailiúcháin náisiúnta géanóim agus sonraí ábhartha eile a dhearadh, a fhorbairt agus a oibríochtú, a chuirfidh leigheas pearsantaithe sonraíbhunaithe chun cinn ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa.

Tionscnamh Eorpach 1+ Milliún Géanóm

Tá Tionscadal BSG deartha chun tacú leis an Tionscnamh Eorpach 1+ Milliún Géanóm (1+MG), tionscnamh atá ag cur forbairt, úsáid agus oibriú na mbonneagar inbhuanaithe rochtana sonraí chun cinn ar fud an AE.

Is í an fhís ná go mbeidh úsáideoirí sonraí údaraithe – amhail cliniceoirí, taighdeoirí agus nuálaithe – in ann ár dtuiscint ar ghéanómaíocht a chur chun cinn le haghaidh cinnteoireacht chliniciúil, diagnóisic, cóireálacha agus leigheas tuarthach níos fearr agus níos tapúla. Ina theannta sin, cuirfidh comhroinnt shábháilte agus shlán sonraí le bearta feabhsaithe sláinte poiblí a rachaidh chun tairbhe do dhaoine, do chórais cúraim sláinte agus don gheilleagar.

Tá príomhról á imirt ag an BTS maidir le bheith ag tacú le taighde géanómaíochta a chur chun cinn agus tá sé ag féachaint lena chinntiú go n-úsáidtear na sonraí a ghintear ar an gcaoi is fearr chun bheith ar mhaithe leis an oiread daoine agus is féidir.

Dúirt an Dr Teresa Maguire, Stiúrthóir Straitéise agus Maoinithe Taighde ag an BTS, “Mairimid i ré ina bhfuil an ghéanómaíocht ag éirí níos tábhachtaí ar fud an domhain. Idir aille, ghalair neamhchoitianta agus ghalair néareolaíochta, tá féidearthachtaí móra ann chun diagnóisic níos fearr agus cógais, teiripí agus idirghabhálacha pearsantaithe níos spriocdhírithe a fhorbairt.”

Ní mór d'Éirinn cur chuige a ghlacadh maidir le rochtain ar shonraí lena mbeidh cothromaíocht ann idir toilteanas méadaitheach na n-othar maidir le páirt a ghlacadh i dtaighde géanómaíochta agus an t-ímní dlísteanaigh a d'fhéadfadh a bheith orthu maidir le toiliú, príobháideacht, rochtain chothrom agus nithe tábhachtacha eile.

Muinín an phobail

Is tionscadal casta é bonneagar sonraí a chruthú le haghaidh géanómaíochta agus sonraí clínicíúla. Beidh RPI i dtaighde ina chuid lárnach do rath an tionscadail.

“Ní mór d'Éirinn cur chuige a ghlacadh maidir le rochtain ar shonraí lena mbeidh cothromaíocht ann idir toilteanas méadaitheach na n-othar maidir le páirt a ghlacadh i dtaighde géanómaíochta agus an t-ímní dlísteanaigh a d'fhéadfadh a bheith orthu maidir le toiliú, príobháideacht, rochtain chothrom agus nithe tábhachtacha eile,” a dúirt an Dr Maguire.

In 2022, ghlac an BTS páirt i roinnt gníomhaíochtaí tacaíochta leis an bpopal agus le páirtithe leasmhara an chórais sláinte araon. Áiríodh orthu sin na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Bhí an BTS agus an Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde ar bhaill an phainéil maoirseachta do Ghiúiré na Saoránach maidir le hÚsáid Géanómaíochta sa Toghchán i gCúram Sláinte agus Taighde Sláinte in Éirinn.
- Bhí an BTS ar ghrúpa stiúrtha FSS chun Straitéis Géanómaíochta a fhorbairt, agus d'oibrigh sé go dlúth chomh maith leis an Roinn Sláinte chun ballraíocht fhoirmiúil na hÉireann de Thionscnamh 1+MG a chur chun cinn.

Sochair othar

Is údar dóchais na féidearthachtaí seo do Gianpiero Cavalleri, Ollamh le Géineolaíocht Dhaonna ag CRMÉ, Leas-Stiúrthóir Ionad Taighde Barr Feabhais FutureNeuro de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus Comhcheannasaí Náisiúnta BSG na hÉireann:

Tríd an gcóras anailíse cónasctha seo a bhaint amach, beimid in ann anailís shábháilte shlán a dhéanamh ar ghéanóim na hÉireann in éineacht le tacair sonraí den chineál céanna ó thíortha Eorpacha eile. Is féidir le bonneagar den sórt seo dlús a chur le teacht ar chúiseanna géiniteacha galair agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt cóireálacha a bhfuil géarghá leo le haghaidh riochtaí amhail ailse a bhféadfadh tionchar tubaisteach a bheith acu ar shaolta daoine.

Cás-Staidéar 6

Béim á cur ag an BTS ar shonraí drugaí ar bhealaí nua

Is féidir le rochtain chruinn áisiúil ar shonraí iontaofa maidir le húsáid agus cóireáil drugaí go réigiúnach a bheith ina huirlis luachmhar chun cúram sláinte áitiúil a chur i bhfeidhm agus pleanáil cúraim sláinte a bharrfheabhsú.

In 2022, chuir ár speisialtóirí faisnéise acmhainn nua ar líne le Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS. Leagtar béim sa rannán den suíomh gréasáin ‘Príomhshonraí na hÉireann’ ar fhaisnéis thábhachtach faoi chás na ndrugaí in Éirinn. Le bileoga eolais, cuireann sé ar chumas lucht déanta beartas agus pleanálaithe seirbhíse iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí is déanaí maidir le húsáid fhadhbach alcóil agus drugaí eile ar leibhéal réigiúnach.

Cuireann an tairiscint nua seo sonraí ar fáil atá mapáilte leis na naoi nEagraíocht Cúraim Sláinte Pobail (ECSPanna) in Éirinn (féach Figiúr 1).

Déanann FSS agus a ghníomhaireachtaí maoinithe seirbhíse a ghrúpáil isteach sna naoi gceantar ECSP seo. Feidhmíonn gach ECSP, ar an meán, trí 10 líonra cúraim phríomhúla a fhreastalaíonn ar thart ar 50,000 duine.

Trí bhileog eolais sonraí réigiúnach a chruthú do gach ceantar ECSP le faisnéis faoi staitisticí áitiúla maidir le húsáid drugaí agus le cóireáil, cuirtear mionsonraí ar fáil do lucht déanta beartas agus do phleanálaithe seirbhíse a chuirfidh treoir leis na cinntí a dhéanfar.

Foinsí sonraí iontaofa

Tagann na sonraí ó roinnt foinsí éagsúla. Tiomsaítear sonraí leitheadúlachta ón Suirbhé Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól (SNDA) de chuid an BTS agus ón staidéar *Úsáid fhadhbach ópóideach in Éirinn, 2015–2019*. Soláthraítear sonraí cóireála in dhá fhoinsé faisnéise eile de chuid BTS: an CTNCD agus an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Othair Shíciatracha Chónaitheacha (CTNOSC).

Socrú a dhéanamh gur féidir úsáid a bhaint as sonraí iontaofa


Cuireann na bileoga eolais le cuspoir straitéiseach BTS chun úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun beartas sláinte a mhúnlú, seachadadh cúraim sláinte a fheabhsú, agus tionscnaimh taighde agus nuálaíochta níos leithne a chur chun cinn. Go sonrach, cuireann siad sonraí ardchaighdeán, tráthúla agus ábhartha ar fáil do sholáthraithe seirbhíse agus do lucht déanta beartas. “Tá foinsí sonraí tábhachtacha, iontaofa againn sa Bhord Taighde Sláinte, agus tá sé mar chuid de mhisean Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS iad seo a chur ar fáil i bhformáidí úsáideacha agus inrochtana,” arsa Mary Dunne, Speisialtóir Faisnéise sa Leabharlann Náisiúnta Drugaí.

Tá foinsí sonraí tábhachtacha, iontaofa againn sa Bhord Taighde Sláinte, agus tá sé mar chuid de mhisean Leabharlann Náisiúnta Drugaí BTS iad seo a chur ar fáil i bhformáidí úsáideacha agus inrochtana.

“D’aithníomar deis chun faisnéis a chomhiomlánú agus a dhéanamh níos inúsáidte dóibh siúd a bhfuil suim acu i sonraí ar leibhéal áitiúil, amhail pleanálaithe seirbhíse sláinte, polaiteoirí, iriseoirí agus taighdeoirí. Bhíomar in ann bileog eolais forléargais a chur ar fáil freisin a bhfuil na sonraí uile CHO ann le go mbeifear in ann comparáid réigiúnach a dhéanamh go héasca. De réir mar a bheidh sonraí ó na sé Limistéar Sláinte Réigiúnacha Sláintecare (LSRanna) nua ar fáil, cuirfimid bileoga breise eolais leis an acmhainn.”

Dúirt Ms Dunne chomh maith, “Deis iontach a bhí ann bheith ag oibriú go dlúth lenár gcomhghleacaithe sna Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte (CNFS) agus san Ionad Fianaise de chuid BTS. Leanfaimid orainn ag fiosrú bealaí chun cur i bhfeidhm taighde ar bheartas agus ar chleachtas a éascú.”

Féach ar [Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS](#) anseo.



Figiúr 1: Léarscáil de cheantair ECSP

- **Limistéar ECSP 1** – Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, agus Muineachán
- **Limistéar ECSP 2** – Gaillimh, Ros Comáin agus Maigh Eo
- **Limistéar ECSP 3** – Luimneach, an Clár, agus Tiobraid Árann Thuaidh
- **Limistéar ECSP 4** – Ciarraí agus Corcaigh
- **Limistéar ECSP 5** – Tiobraid Árann Theas, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman
- **Limistéar ECSP 6** – Cill Mhantáin agus Baile Átha Cliath Thoir Theas
- **Limistéar ECSP 7** – Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar, Baile Átha Cliath Thiar, Cathair Bhaile Átha Cliath Theas agus Baile Átha Cliath Thiar Theas
- **Limistéar ECSP 8** – Laois, Uíbh Fhailí, an Longfort, an Iarmhí, Lú, agus an Mhí
- **Limistéar ECSP 9** – Baile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár, agus Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Cuspóir straitéiseach 4

Timpeallacht rathúil taighde

Chun taighde sláinte luachmhar a chur ar fáil, caithfidh timpeallacht chumasaithe a bheith ann – idir thaighdeoirí oilte, rochtain ar bhonneagar, agus bheartais a thacaíonn le dea-chleachtas taighde agus a mbíonn á fheabhsú.

Tá príomhról ag an BTS maidir le timpeallacht láidir thacúil a fhorbairt do thaighde sláinte in Éirinn, ag cothú nasc idir na córais acadúla agus cúraim shláinte ag an am céanna. I gcomhpháirtíocht le réimse leathan páirtithe leasmhara, oibrimid chun a chinntiú go soláthraítear go héifeachtúil maoiniú do thaighdeoirí agus do bhonneagar; go gcomhlíontar na caighdeáin is airde rialachais, cáilíochta agus eitice; agus go bhforbraítear agus go nglactar le cleachtais nuálacha in Éirinn.

Príomhspríocanna a baineadh amach in 2022:

- Sheolamar an tríú céim den Chlár Struchtúrtha um Oideachas Taighde ar Shláinte Daonra, Beartas agus Seirbhísí Sláinte (SPHeRE), ar fiú €6 milliún é. Cuirfidh naoi gcomhpháirtí acadúla an clár náisiúnta seo ar fáil in éineacht le cúig chohórt rannpháirtithe eile. Cuirfidh sé seo níos mó ná 30 scoláire leis an 137 duine atá tar éis a bheith oilte le SPHeRE go dtí seo.
- D'fhógraíomar an dara céim de Chlár Oiliúint Acadúil Chliniciúil na hÉireann (ICAT) i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar fiú €11 milliún é, rud a thug an infheistíocht iomlán go €21 milliún agus a thacaíonn le 81 comhalta ICAT. Leathnóidh ICAT-2 an réimse daoine a ghlacfar isteach. Glacfar le speisialtachtaí leighis fós agus glacfar le fiacloirí (maoinithe ag an BTS) agus le tréidlianna (maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)) anois freisin.
- Bhronnamar 11 Dhámhachtain Imscrúdaitheoirí atá ag Teacht Chun Cinn (MTT) ar chostas iomlán thart ar €8.3 milliún. Tacaíonn na dámhachtainí seo le taighdeoirí lárghairme oiliúint a dhéanamh chun bheith ina n-imscrúdaitheoirí neamhspleácha ar féidir leo torthaí taighde a aistriú agus a chur i bhfeidhm ar an gcóras cúraim sláinte, ar bheartais nó ar chleachtas.
- In éineacht lenár gcomhpháirtithe (an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil), bhronnamar an chéad bhabhta d'ocht ndámhachtain faoin gcomhaltacht iardhochtúireachta Marie Skłodowska-Curie DOROTHY (cuir chuige idirdhisciplíneacha i leith géarchéimeanna sláinte a fhorbairt go comhoibríoch) ar ghéarchéimeanna sláinte poiblí, le ranníocaíocht €400,000 ó BTS agus infheistíocht iomlán €1.9 milliún.

- Sheolamar gairmeacha ar chomhaltachtaí iardhochtúireachta an BTS – ceann acu atá dírithe ar thaighdeoirí acadúla (Taighde ar Bheartas agus Cleachtas a Chur i bhFeidhm (ARPP)) agus ceann eile dírithe ar chleachtóirí cúraim sláinte atá leabaithe sa chleachtas (Comhaltachtaí Eolaí Cliniceora (CSF)). Bronnfar na dámhachtainí in 2023.
- Sheolamar agus d’fhaomhamar Gradam Tionchair BTS 2022.
- Bhronnamar 50 scoláireacht mac léinn le go mbeadh ar chumas na mac léinn fochéime tionscadal taighde gearr samhraidh a chur i gcrích.
- Cheanglaíomar cúigear taighdeoirí Éireannacha le comhghleacaithe ón Fhrainc faoi bhrat ghradam Ulysses i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn.
- Bhronnamar trí Ghradam Tionchair Sláinte Fulbright-BTS.
- D’óstálar cruinnithe nuathionscanta le gach Líonra Trialach Cliniciúla a maoiníodh le déanaí chun an tábhacht a bhaineann le méadracht trialach cliniciúla nua-shonraithe agus nósanna imeachta monatóireachta a threisiú.
- Bhunaíomar fóraim rannpháirtíochta bonneagair taighde ar fud na n-infheistíochtaí bonneagair trialacha cliniciúla go léir, chun dul i ngleic le cúrsaí straitéiseacha agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.
- D’infheistíomar €300,000 i dTaighde na hÉireann, Altraí agus Cnáimhseacha chun taighde a dhéanamh ar na meascáin scileanna agus conairí gairme atá ag teastáil chun altraí agus cnáimhseacha taighde cliniciúla ardoilte a mhealladh agus a choinneáil in Éirinn.
- In éineacht leis an Aire Sláinte, rinneamar comóradh ar an gcéad chéim eile do Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann, tar éis dó bogadh ar aghaidh ón gcéim bhunaidh go dtí an chéim oibriúcháin agus féidearthachtaí ann go n-earcófar othar go luath.
- I gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ), d’óstáil an BTS ceardlann bhithbhancála 1 lá amháin darb ainm I.S EN ISO 20387 Creidiúnú – an féidir leis cabhrú le forbairt na hearnála bithbhancála in Éirinn?



- Leanamar orainn ag tacú le hobair agus le fás na hOifige Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde agus ag cur ar a cumas córas an Choiste Náisiúnta um Eitic Thaighde (CNET) atá láidir agus iontaofa a chur i bhfeidhm. Is le hobair thiomanta agus luachmhar bhail an CNET agus le rannpháirtíocht chomhoibritheach leis an Roinn Sláinte a cuireadh an obair seo i gcrích.
- D'infheistíomar €1 mhilliún i Líonra Trialach Cliniciúla um Ghalair Neamhchoitianta chun gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí, grúpaí othar agus daoine eile a nascadh leis an aidhm trialacha ar ghalair neamhchoitianta a chur chun cinn.
- D'oibríomar leis an Roinn Sláinte chun tacú le cás maidir le rannpháirtíocht na hÉireann sa Chomhpháirtíocht Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta agus sa Chomhpháirtíocht Eorpach um Leigheas Pearsantaithe, agus rinneamar teagmháil le maoinitheoirí eile agus leis an bpobal taighde níos leithne chun cláir oibre straitéiseacha taighde an AE atá á bhforbairt faoi láthair a mhúnlú.
- Ghlacamar páirt i bpainéal maoirseachta Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal (AÉEOET) don Ghiúiré Saoránach ar Ghéanómaíocht, a thug deis do shaoránaigh na hÉireann a ndearcthaí a chomhroinnt maidir le húsáid géanómaíochta amach anseo i dtaighde cúraim sláinte agus sláinte in Éirinn.
- D'éirigh linn maoiniú a fháil trí ghairm Chlár an AE don Eoraip Dhigiteach chun treochlár a dhearadh agus a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht na hÉireann i mBonneagar Sonraí Géanómaíochta cónasctha ar fud na hEorpa. Is é is aidhm don tionscnamh seo ná a chinntiú go gcuirfidh tíortha an bonneagar cuí sonraí i bhfeidhm chun tacair sonraí géanómaíochta a bhailiú, a stóráil, a bhainistiú, a chomhroinnt agus a anailísiú laistigh de Bhallstáit an AE agus ar fud na mBallstát sin, ar bhealach slán, trédhearcach agus iontaofa.
- Ghlacamar páirt i nGrúpa Stiúrtha FSS a d'fhorbair agus a d'fhoilsigh an *Straitéis Náisiúnta chun Dlús a chur le Leigheas Géiniteach agus Géanómaíoch in Éirinn* i mí na Nollag 2022.



- Tar éis blianta fada de ról breathnóra a bheith ag an BTS, chuireamar ionchur ar fáil don Roinn Sláinte chun ballraíocht fhoirmiúil na hÉireann den Tionscnamh Eorpach 1+ Milliún Géanóim (1+MG) a dheimhniú. Tá sé mar aidhm leis seo rochtain shlán ar ghéanómaíocht agus ar shonraí cliniciúla comhfhreagracha a chumasú ar fud na hEorpa le haghaidh taighde níos fearr, cúram sláinte pearsantaithe, agus ceapadh beartas sláinte.
- Bhíomar mar an chéad mhaoinitheoir Éireannach a shínigh an *Comhaontú maidir le Measúnú Taighde a Athchóiriú*, comhaontú le Comhghuaillíocht an AE chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn (CoARA).
- Ghlacamar páirt i ngrúpaí oibre beartais Eolaíocht na hEorpa, agus béim ar leith curtha ar tháscairí le haghaidh comhoibriú trasteorann, eolaíocht oscailte, comhéadain polasaithe eolaíochta, agus tosaíochtaí don Limistéar Eorpach Taighde nua.

BTS ag tacú le conairí gairme taighde

In 2022, lean an BTS air ag infheistiú i gcláir mhaoinithe spriocdhírthe a thacaíonn le fás gairmiúil taighdeoirí acadúla agus cleachtóirí sláinte agus cúraim shóisialta araon, le cláir mhaoinithe spriocdhírthe atá curtha in oiriúint do riachtanas gairme ar leith.

Tá sraith chuimsitheach deiseanna maoinithe mar bhonn taca le hiarrachtaí straitéiseacha an BTS chun na taighdeoirí oilte atá theastaíonn le go mbeidh rath ar thaighde sláinte na hÉireann a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil.

An cur chuige dériain againne

Tá cur chuige dériain á chur i bhfeidhm ag an BTS chun pobal taighde rathúil dínimiciúil a chothú. Aithnítear i ngach rian na conairí sainiúla forbartha gairme atá ag teastáil le haghaidh na ngrúpaí seo a leanas:

1. Cleachtóirí sláinte agus cúraim shóisialta (aon duine a sholáthraíonn cúram cliniciúil, lena n-áirítear dochtúirí, gairmithe sláinte gaolmhara, fiacloirí, altraí agus cnáimhseacha), agus
2. Taighdeoirí acadúla.

Dar leis an Dr Annalisa Montesanti, Bainisteoir Cláir do Ghairmeacha Taighde Sláinte ag an BTS, “Ní mór don oiliúint an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí agus de cheannairí taighde a chothú agus na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt dóibh chun bheith ag comhoibriú, ag oibriú i bhfoirne agus i gcomhpháirtíochtaí, agus ag comhtháthú le disciplíní éagsúla. Agus é seo á dhéanamh, tugtar deis do na daoine seo a bheith fíor-chruthaitheach ina ngairmeacha taighde.”

Cás-Staidéar 7 (ar lean)

Tugtar tacaíocht do gach rian le sraith scéimeanna maoinithe atá deartha chun deiseanna taighde a thairiscint ag gach céim ghairme, idir chéimeanna fochéime, chéimeanna iarchéime agus chéimeanna iardhochtúireachta, agus ar aghaidh go ceannaireacht taighde neamhspleách. Seo a leanas dhá shampla de gach uile rian.

Chruthaigh Clár ICAT athrú suntasach maidir leis an gcaoi a gcuirtear oiliúint ar thaighdeoirí cliniciúla in Éirinn, agus úsáid á baint as raidhse maoirseoirí taighde ar ardchaighdeán ar fud na n-ollscoileanna.

1. Cleachtóirí sláinte agus cúraim shóisialta

Is clár cuimsitheach náisiúnta uile-oileáin é Clár ICAT d'eolaithe cliniceoirí atá lonnaithe i sé ollscoil mhóra in Éirinn agus a nGrúpaí Ospidéal cleamhnaithe. Tá ag éirí go maith leis an gclár cheana féin; tá sé tar éis tacaíocht a thabhairt do 44 chomhalta oiliúna, agus sa dara céim den infheistíocht €21 milliún, a sheol an Taoiseach Micheál Martin in 2022, méadófar an líon sin go 81.

Dúirt Stiúrthóir ICAT, an tOllamh Deirdre Murray:

Chruthaigh Clár ICAT athrú suntasach maidir leis an gcaoi a gcuirtear oiliúint ar thaighdeoirí cliniciúla in Éirinn, agus úsáid á baint as raidhse maoirseoirí taighde ar ardchaighdeán ar fud na n-ollscoileanna. Leathnóidh an tacaíocht leanúnach seo ón BTS an clár agus tacóidh sí le comhaltaí chun scileanna taighde ceannródaíocha a fháil in Éirinn agus thar lear. Is iad na hoiliúnaithe seo a dhéanfaidh dul chun cinn leighis amach anseo.

2. Taighdeoirí acadúla

Is príomhchlár oiliúna dochtúireachta na hÉireann é an clár SPHeRE maidir le taighde ar shláinte daonra, beartas agus seirbhísí sláinte (TSDBSS). Bunaíodh an BTS in 2007 agus tá níos mó ná 70 alumni PhD tar éis dul tríd an gcóras. Lean na daoine seo ar aghaidh chun fíorthionchar a imirt ar ár gcórais sláinte agus cúraim shóisialta. Tacóidh an tríú babhta maoinithe, a seoladh in 2022 agus ar fiú €6 mhilliún é, le 30 mac léinn eile atá maoinithe ag an BTS, mar aon le roinnt scoláirí breise a gheobhaidh maoiniú ó fhoinsí eile sna 8 mbliana maoinithe amach romhainn (2022–2030). Cuirfear an clár ar fáil sna naoi n-ollscoil in Éirinn.

Is é an clár SPHeRE is cúis liomsa bheith i mo thaighdeoir acadúil.

Dar le duine d’alumni an chlár, an Dr Sara Burke, PhD, Ollamh Comhlach, an Lárionad Beartas agus Bainistíochta Sláinte i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (cohórt 2008), “Is é an clár SPHeRE is cúis liomsa bheith i mo bhean léinn agus i mo Phríomhthaighdeoir i gcórais sláinte agus anailís beartais. Thaitin an t-eispéireas foghlama piarghrúpa PhD go mór liom agus is pribhléid mhór é anois mar alumni SPHeRE a bheith ar dhuine de stiúrthóirí náisiúnta chlár SPHeRE.”

Cás-Staidéar 8

An Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde: bonneagar náisiúnta eitice taighde a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go daingean

Le linn 2022, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde (ar a dtugtar an Oifig Náisiúnta freisin), a d'óstáil BTS, go dlúth leis na Coistí Náisiúnta um Eitic Thaighde (CNETanna) chun an córas náisiúnta eitice taighde in Éirinn a chur chun cinn i dtimpeallacht rialála atá ag athrú.

Tá feidhm reachtúil ag an Oifig Náisiúnta a thacaíonn le hobair riachtanach na CNETanna agus a chuireann na cleachtais taighde eiticíúla is fearr chun cinn, chun cearta, dínit agus leas na rannpháirtithe a chosaint ar thús cadhnaíochta an taighde sláinte.


Tacaíonn an Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Dhá CNET le haghaidh trialacha cliniciúla a bhaineann le táirgí sláinte don duine
- CNET amháin le haghaidh imscrúduithe cliniciúla ar fheistí leighis agus staidéir feidhmíochta le haghaidh feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*
- Coiste Eitice Taighde (CET) Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann (BNCÉ), agus
- Fochoiste buan CNET COVID-19.


Dúirt an Dr Emily Vereker, Ceann na hOifige Náisiúnta:

Bliain thar a bheith gnóthach ach rathúil ab ea í 2022 don Oifig Náisiúnta agus do na CNETanna, agus bealach á dhéanamh againn trí chreataí reachtacha nua agus idirthréimhseacha, agus ag an am céanna déine, seasmhacht agus trédhearcacht a chinntiú sna tuairimí eitice taighde náisiúnta a tugadh. Leagamar béim láidir ar naisc agus ar comhoibriú a neartú le príomhpháirtithe leasmhara amhail an Roinn Sláinte, agus an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte.

Ba é príomhghníomhaíocht 2022 ná bheith ag tacú leis na CNETanna le haghaidh trialacha cliniciúla agus feistí leighis, agus le fochoiste seasta COVID-19 chun 98 tuairim eitice a sholáthar d'iarrais nua staidéir agus 415 tuairim eitice a sholáthar le haghaidh modhnuithe suntasacha ar staidéir atá ann cheana, le linn 60 cruinniú coiste.



Chuamar i dtaithí ar chreataí reachtacha idirthréimhseacha agus nua, agus chinntíomar déine, seasmhacht agus trédhearcacht sna tuairimí eitice taighde náisiúnta a tugadh.



Ina theannta sin, cuireadh sraith dianchruinnithe mearfhreagartha thar thréimhse 8 seachtaine ar bun d'fhochoistí, chun aghaidh a thabhairt ar riaráiste na modhnuithe suntasacha a tháinig chun cinn de réir mar a d'aistrigh staidéir ón gcóras CET aitheanta áitiúil go dtí an córas CNET.

Ba chuid riachtanach den bhfreagairt náisiúnta ar thaighde COVID-19 é bunú aireacht CNET a bhí saincheaptha chun maoirseacht eiticíúil a sholáthar ar BNCÉ.

Buaicphointe eile don Oifig Náisiúnta in 2022 ab ea an seimineár gréasáin ar éirigh go han-mhaith leis, 'Foghlaim, léargais agus na chéad chéimeanna eile', le cuir i láthair ó fhoireann na hOifige Náisiúnta; eochairchaint le David Archard, Ollamh Emeritus le Fealsúnacht in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Cathaoirleach Chomhairle Nuffield ar an mBitheitic; agus plé painéil le Cathaoirleach CNET.

Buaicphointe eile don oifig ná ionadaíocht a bheith déanta do leasanna na hÉireann ar leibhéal Eorpach le rannpháirtíocht i Líonra Eorpach na gCoistí um Eitic Thaighde agus i nGrúpa Comhairleach agus Comhordaithe na hEorpa ar Thrialacha Cliniciúla chun eolas a mhalartú maidir le heitic, agus Rialachán an AE maidir le Triail Chliniciúil a glacadh le déanaí (Rialachán Uimh. 536/2014).

I measc na ngníomhaíochtaí tábhachtacha eile in 2022 bhí an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i dtimpeallacht taighde sláinte na hÉireann, lena n-áirítear, mar shampla, Fóram Taighde Sláinte na hÉireann; Grúpa Oibre um Athchóiriú CET FSS; an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS); Cumann Cúraim Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht (CCSÉC); Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal (AÉEOET); agus Oifig Náisiúnta na dTrialachacha Cliniciúla de chuid an BTS (ONTC-BTS).

Dúirt an Dr Vereker, "In 2022, d'fhorbraíomar chomh maith scileanna agus eolas fhoireann dhinimiciúil agus thiomnaithe na hOifige Náisiúnta chun freastal ar éilimh a príomhchuspóirí, agus chun foinse treorach láidir agus iontaofa a chur ar fáil don phobal taighde."

Cuspóir straitéiseach 5

Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta táirgiúla

Is dúshlán dhomhanda iad go leor de na dúshlán sláinte agus sochaíocha is mó atá romhainn agus is trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta amháin is féidir aghaidh a thabhairt orthu.

Chun dul i ngleic leis na dúshlán sin, táimid tiomanta don chomhordú Eorpach agus idirnáisiúnta, agus do chomhoibriú agus rannpháirtíocht i dtaighde sláinte a chothú agus a fheabhsú. Tacaímid le pobal taighde na hÉireann dul san iomaíocht le haghaidh maoiniú AE agus idirnáisiúnta, agus oibrímid le déantóirí beartais agus páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a aimsiú chun tabhairt faoi thionscnaimh ar féidir leo cuspóirí sláinte agus cuspóirí rialtais níos leithne a chur chun cinn.

Príomhspríocanna a baineadh amach in 2022:

- I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, leanamar orainn ag cur tacaíochta ar fáil do rannpháirtíocht na hÉireann i dTriail Dlíthpháirtíochta na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), a sholáthraíonn rochtain ar theiripí nua chun COVID-19 a chóireáil.
- Bhronnamar €1.2 milliún chun tacú le rannpháirtíocht na hÉireann sa staidéar práinnfhreagartha uile-AE a fhéachann ar éifeachtacht vacsaíní le haghaidh bolgaí moncaí.
- Thacaíomar le taighdeoirí sláinte na hÉireann chun €29.2 milliún a fháil i maoiniú taighde sláinte an AE. D'éirigh le 23 tionscadal a raibh 36 taighdeoir aonair páirteach iontu. Tabharfaidh na tionscadail aghaidh ar réimsí éagsúla, amhail ailse; galar Crohn; mígréin córas tacaíochta cinntí cliniúla atá bunaithe ar intleacht shaorga le haghaidh stróc; meabhairshláinte cumhachtú digiteach le haghaidh maireachtáil shláintiúil ghníomhach; cáilíocht aeir taobh istigh agus maireachtáil shláintiúil; agus cógaisíocht atá níos fearr don timpeallacht (cógaisíocht ghlas).
- Thacaíomar le taighdeoirí ar cheithre iarratas tionscadail ar éirigh leo i ngairm nua ar chógaisíocht ghlas (ar fiú €2.9 milliún í), agus ar chúig thionscadal rathúla eile sa ghairm timpeallachta agus sláinte (€3.4 milliún san iomlán).
- Ghlacamar páirt i sé imeacht mhóra faisnéise a leag béim ar dheiseanna faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár Misean Ailse.
- Ghlacamar páirt in iarratas cuibhreannais de chuid an Aontais, faoi stiúir na Portaingéile, chun líonra de Mhoil Náisiúnta an Mhisin Ailse a bhunú.
- Thacaíomar le sé iarratas tionscadail rathúla faoi ghairmeacha 2021 an Mhisin Ailse: ceithre dhámhachtain taighde agus nuálaíochta agus dhá ghníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta. Bhí luach €1.9 milliún ar na dámhachtainí san iomlán.
- D'éascaíomar 22 iarratas ar éirigh leo faoi Bhraisle Sláinte Fís Eorpach – 1 ghairm sláinte amháin a dtéann buiséid fostarraingthe comhcheangailte ar luach €15.5 milliún leis.

- D'fhoilsíomar *Plean Comhionannais Inscne 2022-2024* den chéad uair. Leagtar amach ann an obair atá ar bun againn faoi láthair i réimse an chomhionannais inscne agus liostáiltear na gníomhartha ar mhaithe le dul chun cinn a bhfuilimid tiomanta dóibh a bhaint amach idir 2022 agus 2024. Ní mór do thairbhíthe faoin gclár Fís Eorpach, Plean Comhionannais Inscne a bheith i bhfeidhm acu agus a bheith tiomanta do thuairisciú a dhéanamh ar an bplean.
- Ghlacamar páirt i ngrúpa idirchaidrimh faoi stiúir na Roinne Sláinte chun foirne sna haonaid bheartais agus sna gníomhaireachtaí sláinte a chur ar an eolas faoi dheiseanna tríd an gclár nua EU4Health. Chuir an Roinn Sláinte aon ainmniúchán déag chun cinn ina dhiaidh sin chun páirt a ghlacadh i gcomhghníomhaíochtaí ar fud na n-aonad agus na ngníomhaireachtaí beartais.
- D'óstálar an iliomad imeachtaí faisnéise maidir le deiseanna faoin gclár EU4Health chun faisnéis a scaipeadh faoi ghairmeacha ar thograí agus ar thairiscintí, agus thacaíomar le taighdeoirí agus le foirne páirt a ghlacadh sa chéad bhabhta gairmeacha. D'éirigh le trí iarratas mar thoradh ar sin.
- Rinneamar ionadaíocht ar leasanna BTS agus ar thosaíochtaí straitéiseacha ar bhoird bhainistíochta de chuid cúig thionscnamh chomhphleanála Eorpacha (maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, Aiste Bia Shláintiúil la haghaidh Saol Sláintiúil, Taighde ar Ghalair Néaraimheathlúcháin, Galair Neamhchoitianta agus Leigheas Pearsantaithe).
- Bhronnamar cúig dhámhachtain rathúla ar imscrúdaitheoirí ó Éirinn trí chomhghairmeacha trasnáisiúnta sna réimsí thuas.
- Bhíomar mar chuid de dhá iarratas rathúla chuig an gCoimisiún Eorpach ar dhá Chomhpháirtíocht nua de chuid an Aontais. Is iad sin Córais Sláinte agus Cúraim a Athrú ó Bhonn (THCS) agus Limistéar Eorpach Taighde um Thaighde Sláinte (ERA4Health) a Chothú. Cuirfidh an BTS iarratais ó Éirinn chun cinn agus déanfar iad a chómhaoiniú mar chuid de chomhghairmeacha trasnáisiúnta sna réimsí sin ó 2023 ar aghaidh.
- Le linn 2022, chuamar i dteagmháil leis an Roinn Sláinte; leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; leis an RTBM; le FEÉ agus le páirtithe leasmhara eile chun deiseanna agus tosaíochtaí do rannpháirtíocht na hÉireann a phlé maidir le comhpháirtíochtaí AE atá beartaithe amach anseo (maidir le Galair Neamhchoitianta, Leigheas Pearsantaithe, Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, Aon Sláinte Amháin, agus Ullmhacht Paidéime.).

Cás-Staidéar 9

BTS ag tacú le comhpháirtíocht cheannródaíoch AE

In 2022, léiríodh ár dtiomantas do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta táirgiúla lenár rannpháirtíocht leanúnach i gComhpháirtíocht an AE maidir le Córais Sláinte agus Cúraim a Athrú ó Bhonn (THCS). Tógann obair na rannpháirtíochta seo ar 10 mbliana d'obair BTS chun cumas a chruthú agus ceannaireacht a chothú i seirbhísí sláinte agus i dtaighde sa chóras sláinte.

Is dúshlán iad mórathruithe sochaí agus treochtaí déimeagrafacha do chórais sláinte agus cúraim agus iarracht á déanamh seirbhísí sláinte agus cúraim ar ardchaighdeán a sholáthar. Mar shampla, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag digitíú ar sholáthar cúraim sláinte, daonra AE atá ag dul in aois, agus éigeandálaí sláinte éagsúla.

Claochlú sláinte agus cúraim

Is tionscnamh COFUND é THCS faoin gclár Fís Eorpach atá ceaptha chun bheith ag tacú le cláir chomhordaithe náisiúnta agus réigiúnacha taighde agus nuálaíochta mar aon le forbairt acmhainne, líonrú, scaipeadh, agus gníomhaíochtaí eile a theastaíonn chun córais sláinte agus cúraim a chlaochlú. Is é an cuspóir ginearálta atá aige ná aistriú a dhéanamh chuig córais sláinte agus cúraim atá níos inrochtana, níos inbhuanaithe, níos éifeachtúla, níos athléimní, níos nuálaí, níos dírithe ar dhaoine agus níos cothroime.

Dúirt an Dr Teresa Maguire, Stiúrthóir Straitéise agus Maoinithe Taighde an BTS:

Ós rud é gurb í príomhghníomhaíocht THCS ná tionscadail taighde agus nuálaíochta a mhaoiniú, beidh ról lárnach ag an BTS ar son na hÉireann trí ghairmeacha trasnáisiúnta comhphárteacha a eisiúint ar thosaíochtaí agus ar thopaicí coiteanna le maoinitheoirí AE eile. Tá an BTS tar éis páirt a ghlacadh i bplé pleanála san Eoraip don chomhpháirtíocht nua seo le 5 bliana anuas agus táimid ar bís go bhfuil an t-iarratas, a chuimsíonn eolas agus saineolas ó 63 eagraíocht éagsúil i 26 tír, faofa ag an gCoimisiún Eorpach.



Is í príomhghníomhaíocht THCS ná tionscadail taighde agus nuálaíochta a mhaoiniú. Beidh ról lárnach le himirt ag BTS ar son na hÉireann trí ghairmeacha trasnáisiúnta comhphárteacha a eisiúint ar thosaíochtaí agus ar thopaicí coiteanna le maoinitheoirí eile AE.

Tá trí phríomhshruth oibre ag THCS:

1. Bearnaí eolais a líonadh le gníomhaíochtaí taighde a sholáthraíonn an fhianaise riachtanach ardchaighdeán
2. Tacú le gníomhaíochtaí cuir chun feidhme agus aistrithe maidir le réitigh atá ann cheana agus le hinoiriúnaitheacht a thástáil i gcomhthéacsanna éagsúla náisiúnta agus réigiúnacha, agus
3. Borradh a chur faoi chórais sláinte agus cúraim trí shainghníomhaíochtaí (mar shampla, forbairt acmhainne agus oiliúint, cuairteanna staidéir, cúnamh teicniúil, nascadh agus líonrú) a bhaineann le páirtithe leasmhara éagsúla sláinte agus cúraim.

Tosaíochtaí

Cuireadh tús le réamhphleanáil in 2022 don chéad ghairm taighde THCS, a eiseofar in 2023. I measc na dtosaíochtaí a aithníodh, tá cúram comhtháite, straitéisí feabhsaithe coiscitheacha agus féinbhainistíochta, maoiniú cúraim, rochtain ar chúram, agus neamhionannais.

Díreoidh gairmeacha taighde ar théamaí cothrománacha amhail éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht, cáilíocht agus sábháilteacht, digitíú, riachtanais daoine agus rannpháirtíocht úsáideoirí, agus an lucht saothair sláinte agus cúraim. Díreoidh gairmeacha chomh maith ar earnálacha sonracha sláinte agus cúraim a bhfuil aird agus athrú ag teastáil iontu, lena n-áirítear cúram fadtéarmach, cúram príomhúil, agus athshainiú cúraim ospidéil.

Dúirt an Dr Maguire, “Anuas ar ár ngníomhaíochtaí i gcomhghairmeacha trasnáisiúnta, beidh dlúth-theagmháil idir an BTS agus an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn, chomh maith le gach páirtí leasmhar eile ar spéis leo bearnaí a líonadh idir taighde agus beartas agus cleachtas, samhlacha dea-chleachtais a aistriú agus a mhéadú, agus an córas sláinte a neartú.”

EU4Health: leas a bhaint as an gcomhar trasteorann

In 2022, chabhraigh saineolas agus treoir BTS le páirtithe leasmhara forleathana na hÉireann a chur ar an eolas faoin iliomad deiseanna maoinithe atá ar fáil faoi EU4Health, agus chuidigh siad leo lena n-iarraais.

Is clár maoinithe suntasach de chuid an AE é EU4Health a bhfuil buiséad €5.3 billiún ar fáil dó thar thréimhse 7 mbliana ó 2021 go 2027. Tá sé mar aidhm ag an gclár aghaidh a thabhairt ar dhúshlán fhadtéarmacha sláinte maidir le galair a chosc agus sláinte a chur chun cinn trí chomhoibriú trasteorann a chuireann taighde i bhfeidhm i gcórais sláinte ar fud na mór-roinne.

Thacaigh clár oibre EU4Health 2022 le raon leathan gníomhaíochtaí faoi cheithre ‘shnáithe’ uileghabhálacha agus fócas trasghearrtha á chur ar ailse. I measc na snáitheanna sin bhí:

- Ullmhacht do ghéarchéimeanna
- Galair a chosc
- Córais sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte, agus
- Digitíú.

Cuireann an clár maoiniú ar fáil do chomhlachtaí incháilithe, d’eagraíochtaí sláinte agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) ó thíortha AE nó ó thíortha neamh-AE a bhfuil baint acu leis an gclár.

Ceann de phríomhionstraimí EU4Health is ea an chomhghníomhaíocht a chuireann maoiniú ar fáil d’údaráis na mBallstát. Tá difríocht éigin idir EU4Health agus cineálacha eile deontas taighde sa mhéid is nach bhfuil sé iomaíoch. Foilsítear cláir oibre bhliantúla i bhfoirm tairiscintí ar féidir páirtithe leasmhara iarraitas a chur isteach orthu. Tá gach tairiscint deartha chun tacú le raon leathan gníomhartha atá bunaithe ar na ceithre phríomhshnáithe.

Tugann na cláir oibre deis d’iarraitasóirí iarraitas a dhéanamh ar mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt go díreach ar na dúshláin a bhaineann leis an saol timpeall orthu. Cinntíonn na gnéithe idirnáisiúnta comhoibríthe agus oibre foirne atá mar chuid den chlár EU4Health go dtugtar aghaidh ar dhúshlán chomhroinnte de réir sraith prionsabal coiteann, agus dá bhrí sin is féidir an t-eolas a fhaightear ón obair a chomhroinnt agus a chur i bhfeidhm go tapa ar fud na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta agus na dtíortha comhpháirtíochta faoi seach.

Dúirt an Dr Amanda Daly, Lárionad na hÉireann don Chlár EU4Health agus Bainisteoir Cláir le BTS: “Roimh theacht an chláir [EU4Health], bheadh comhghníomhaíocht chomhpháirteach amháin nó dhó sínithe ag Éirinn in aghaidh na bliana. In 2022, tar éis a bheith ag obair leis an Roinn Sláinte (RS) agus le heagraíochtaí eile chun feasacht a ardú maidir leis na féidearthachtaí maoinithe faoin gclár, chláraigh Éire chun páirt a ghlacadh i 13 chomhghníomh.”

In 2022, d’óstáil an BTS dhá sheisiún faisnéise ar EU4Health don phobal taighde agus béim ann ar dheiseanna taighde ailse. Ghlacamar páirt freisin in imeachtaí a reáchtáil The Wheel (cumann náisiúnta carthanas na hÉireann) chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal cúraim sláinte níos leithne, eagraíochtaí neamhrialtasacha san áireamh.

Tá deiseanna breise maoinithe taighde sa chlár d’eagraíochtaí, amhail an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), FSS, Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann (CNAÉ), an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (LFCS), an Roinn Sláinte, agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP).

Dúirt an Dr Daly, “Tá an BTS tiomanta do chabhair a thabhairt d’eagraíochtaí cuí Éireannacha chun leas a bhaint as an maoiniú seo do thionscadail ar fud an chórais sláinte. Téann an líon féideartha iarratasóirí níos faide ná an pobal taighde traidisiúnta. Ní hamháin an saol acadúil, institiúidí taighde agus ospidéal a bhíonn san áireamh, ach údaráis sláinte phoiblí agus údaráis rialtais ghaolmhara, cuideachtaí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta amhail ENRanna chomh maith.”

Má tá suim agat in iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú EU4Health, déan teagmháil le Amanda.Daly@hrb.ie. Chomh maith leis sin, tá fáil ar acmhainní agus naisc úsáideacha éagsúla ar gach gné den chlár ar [leathanach gréasáin faisnéise EU4Health](#).

Cuspóir straitéiseach 6

Barr feabhais eagraíochtúil

Mar phríomhghníomhaireacht le haghaidh taighde sláinte agus cúraim shóisialta, fianaise agus sonraí, is é cuspóir an BTS mar eagraíocht ár ndícheall a dhéanamh chun bheith mar an eagraíocht is fearr ar gach bealach.

Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an BTS mar ionad oibre forásach, agus tacófar le daoine a bheith nuálach agus mothálach. Cothóimid ár gcultúr sármhaitheasa eagraíochta atá bunaithe ar luachanna comhroinnte. Leis an gcultúr seo, mealltar an tallann is fearr, glactar le hathruithe agus cuirtear réitigh i bhfeidhm. Tacóidh ár struchtúir rialachais le cinnteoireacht feasach chuntasach a chur i gcrích, agus déanfaimid cumarsáid thábhachtach chun ár gcáil a neartú i measc ár bpáirtithe leasmhara.

Príomhspríocanna a baineadh amach in 2022:

- Mhéadaíomar láithreach d'fhigheach BTS agus tháinig borradh 79% ar an lucht leanúna atá againn thar raon na meán sóisialta.
- Chuireamar tionscadal nua láithreáin gréasáin chun cinn chun ár mbonneagar cumarsáide a chur chun cinn chun bonn taca a chur faoi theachtaireachtaí níos spriocdhírthe.
- D'éagraíomar trí imeacht náisiúnta chun feasacht a chothú agus comhoibriú a spreagadh i réimsí na heitice taighde, an leighis phearsantaithe, agus úsáid fhadhbach drugaí.
- Bhunaíomar agus chothaíomar beartais agus nósanna imeachta rialachais faisnéise dea-chleachtais.
- Bhaineamar feabhas leanúnach amach ar ár dtírdhreach cibearshlándála do na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) inmheánacha agus poiblí atá againn.
- Rinneamar tástáil rathúil athshlánaithe ó thubaiste, rud a léiríonn ár gcumas leanúint ar aghaidh le hoibríochtaí i gcás briseadh ar ár seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC).

- Rinneamar uasghrádú ar ár mballa dóiteáin corparáideach go balla dóiteáin nua-aimseartha; cosnóidh sé seo líonra corparáideach BTS sna 4 bliana amach romhainn. Suiteáladh é seo i mí Iúil 2022.
- Rinneamar roinnt gnéithe den bhonneagar TF againn a aistriú chuig an néal.
- Fuaireamar bogearraí slándála nua, lena n-áirítear bainisteoir néal-phasfhocal nua, réiteach bogearraí aistrithe comhad slán nua le haghaidh sonraí an-íogaire, agus uasghrádú ar na bogearraí taobh thiar dár soláthar frith-turscair.
- Chuireamar iniúchadh slándála i gcrích maidir le cianrochtain don fhoireann.
- Dhréachtaíomar agus d'fhaomhamar beartas nua maidir le slándáil fhisiciúil.
- D'fhorbraíomar plean maidir le lucht saothair leanúnach chun scileanna acmhainní a chur ar aon dul le riachtanais leanúnacha an BTS.
- D'fhorbraíomar bealaí nuálacha oibre trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus as modhanna solúbtha.
- D'fhorbraíomar creat uileghabhálach sláinte agus folláine.
- Chuireamar cultúr an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe agus iompar eiticiúil chun cinn i ngach gné d'obair BTS.
- Rinneamar monatóireacht agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm straitéise agus chuireamar faisnéis ar fáil chun tacú le cinnteoireacht.
- Chinntíomar éifeacht na rialuithe inmheánacha.
- Rinneamar éifeachtúlacht fuinnimh chur i bhfeidhm go daingean inár gcleachtais oibre.
- Déascaíomar athbhreithniú bliantúil Bhord BTS ar chur i bhfeidhm straitéise.
- Rinneamar monatóireacht agus tuairisciú ar an gcaoi ar chloíomar leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016).
- Thugamar faoi iniúchtaí inmheánacha ar phríomhréimsí riosca laistigh den BTS chun iad sin a thagarmharcáil i gcoinne dea-chleachtais.
- Chloíomar le beartais RGCS maidir le bainistiú sonraí.

Cás-Staidéar 11

Todhchaí an leighis phearsantaithe in Éirinn a chomhchruthú

Ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar a d'fhéadfadh a bheith i gceist le leigheas phearsantaithe (LP) in Éirinn, thug an BTS páirtithe leasmhara ó gach cearn den chóras sláinte le chéile ag ár gComhdháil Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ar an 30 Samhain 2022.

D'éist níos mó ná 170 duine a bhí i láthair le haitheasc tosaigh Phríomhfheidhmeannach an BTS, an Dr Mairéad O'Driscoll, ag an ócáid agus cur síos á dhéanamh aici ar chlár na hócáide ina bhfiosrófaí na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le leigheas phearsantaithe. Dúirt sí, "I mbeagán focal, is éard atá i gceist le leigheas phearsantaithe ná a chinntiú go bhfaigheann daoine an chóir leighis chuí, ag an am cuí."

Thug an príomhchainteoir, an tOllamh Dame Anna Dominiczak, Ollamh Regius le Leigheas in Ollscoil Ghlaschú agus Príomh-Eolaí Sláinte Rialtas na hAlban, lucht freastail na hócáide isteach go dtí a 'Saotharlann Bheo' leighis phearsantaithe, áit a mbíonn cliniceoirí, eolaithe agus lucht tionscail ag obair le chéile chun an bealach a réiteach do LP a chur i bhfeidhm ar fud chóras cúraim sláinte na hAlban.

Léirigh sraith de chás-staidéir taighde cheannródaíocha LP atá ag tarlú in Éirinn. I measc na gcásanna seo bhí:

- An tOllamh Norman Delanty ó Ospidéal Beaumont agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus é ag míniú cén chaoi a dtéann cóireálacha saincheaptha i bhfeidhm ar shaol na n-othar a bhfuil titimeas orthu
- An tOllamh Maeve Lowery ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas agus í ag cur a cuid oibre i láthair maidir le conas a bhaineann buntáistí cliniciúla le bheith ag díriú ar an meicníocht mhóilíneach taobh thiar d'fhorbairt ailse, agus
- An Dr Shane McKee ó Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste agus é ag roinnt a thaithí ar ailtireacht ghéanómaíochta dhiagnóiseach a chruthú, rud a chabhróidh le cliniceoirí na ceisteanna cuí a chur chun na réitigh is fearr a fháil dá n-othair.

I mbeagán focal, is éard atá i gceist le leigheas pearsantaithe ná a chinntiú go bhfaigheann daoine an chóir leigheas chuí, ag an am cuí.



Labhair an tAire Sláinte Stephen Donnelly le muintir na comhdhála. Thug sé suntas d'fhorbairtí dearfacha a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, lena n-áirítear an chéad Straitéis Náisiúnta um Ghéineolaíocht agus Géanómaíocht in Éirinn, rannpháirtíocht na hÉireann sa Tionscnamh Eorpach 1+MG agus i dTionscadal BSG na hEorpa, agus cruinniú a tharla go gairid roimhe sin de Ghiúiré na Saoránach maidir le hÚsáid Géanómaíochta sa Tódhchaí i gCúram agus Taighde Sláinte.

Thug Ejner Moltzen, Cathaoirleach an Chuibhreannais Idirnáisiúnta um Leigheas Pearsantaithe (ICPerMed), forbhreathnú ar fhorbairtí domhanda i dtaighde LP, ag déanamh cur síos ar luas an dul chun cinn sa taighde: “10 mbliana amach romhainn, b'fhéidir go gcuimhneoidh duine gur labhraíomar faoin 'leigheas pearsantaithe'; ach faoin am sin, ní thabharfar air ach 'sláinte' – sláinte d'othair agus sláinte do shaoránaigh.”

Ag dul i ngleic le dúshlán

Baineann roinnt dúshlán le LP. Mar shampla, caithfear na buntáistí sláinte a chothromú le costas teiripí nua, mar a luaigh an tOllamh Michael Barry, Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta um Chógaseacnamaíocht.

Idir an da linn, phléigh Katherine Payne, Ollamh le hEacnamaíocht Sláinte in Ollscoil Mhanchain, an chaoi a bhféadfadh uileghabhálacht níos mó cur le buntáistí LP.

Conclúid uileghabhálach

Tháinig aon chonclúid amháin chun cinn ó phlé an lae: má táimid dáiríre faoin ngealltanas LP a chomhlíonadh, caithfear comhoibriú lena chéile. Teastaíonn athrú mór sa chóras chun tairbhe a bhaint as LP, agus ní tharlódh sé seo ach amháin má thugtar cluas éisteachta do na páirtithe leasmhara ar fad: Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais; gairmithe córais sláinte; taighdeoirí tionscail agus acadúla; agus, thar aon ní eile, na hothair agus muintir an phobail. Roimh an gcomhdháil, bhí an BTS tar éis teagmháil a dhéanamh le níos mó ná 50 grúpa pobail chun cuireadh a thabhairt do dhaoine ó gach gné den saol a gcuid tuairimí maidir le LP a chomhroinnt ar fhíseán a chraolfaí ar an lá.

Agus achoimre á déanamh aige ar phlé an lae, dúirt an Dr O'Driscoll gur chuir an comhoibriú rithábachtach seo go mór leis an mbealach chun cinn do LP in Éirinn: “Caithfidimid oibriú as lámha a chéile chun iarracht a dhéanamh ár dtodhchaí a chomhchruthú sa spás seo.”

Cás-Staidéar 12

Ag cinntiú gur áit oibre fhorásach í an BTS

Má tá fonn orainn é seo a bhaint amach, caithfear tacú leis an bhfoireann a bheith nuálach agus mothálach araon; léirigh an méid a bhaineamar amach in 2022 sa sármhaitheas nuálaíochta digití agus rialachais sonraí, fíor-dhul chun cinn i dtreo na sprice seo

Tá bainistíocht éifeachtach sonraí agus rialachas ceart sonraí ríthábhachtach chun ceanglais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaitheach a bhaineann le sárúithe sonraí.

Chuir sin, in 2022, chuir an BTS tús le plean uailmhianach leictreonach maidir le sonraí a choinneáil/a scríosadh chun a chinntiú go bhfuil próisis shoiléire i bhfeidhm chun rochtain a fháil ar na sonraí is ábhartha go tapa chun cinntí a dhéanamh.

Dar le Liam Sinnott, Bainisteoir Teicneolaíochta Cumarsáide Faisnéise ag an BTS:

Sular thosaíomar ar an tionscadal, bhí sceideal coinneála sainithe againn le haghaidh sonraí pearsanta. Mar sin féin, bhí dúshlán romhainn maidir leis na próisis agus na cumais córais a bhí i bhfeidhm chun tacú le cur i bhfeidhm an bheartais. Mar eagraíocht, bhíomar róspleách ar ríomhphost mar chóras taifeadta le haghaidh sonraí agus ní raibh aicmiú cuí sonraí i bhfeidhm. Ina theannta sin, b'éigean dúinn breathnú níos faide ná raon feidhme na sonraí pearsanta chun na sonraí go léir a chur san áireamh.

D'aithníomar trí phríomhchúis le sonraí a choinneáil nó a scriosadh:

- Oibleagáid dhlíthiúil sonraí a choinneáil
- Oibleagáid dhlíthiúil sonraí a scriosadh, agus
- Cinneadh eagraíochtúil chun sonraí a choinneáil.

Ansin rinne foirne na taifid/comhaid go léir a shórtáil sna grúpaí loighciúla a raibh tréimhse choinneála choiteann acu. Leis an gcur chuige seo, bhíomar in ann 200,000 comhad a scriosadh, rud a laghdaigh líon na gcomhad sonraí neamhstruchtúrtha beagnach 15%, ó 1.3 milliún go 1.1 milliún. Anois, táimid in ann ábhar a scriosadh/a choinneáil i gcomhréir le cur chuige córasach ar bhonn bliantúil atá ag teacht le riachtanais RGCS agus oibleagáidí eagraíochtúla.

Cabhraíonn córas láidir bainistíochta faisnéise mar seo linn tacú le comhlíonadh GDPR, laghdaíonn sé an baol go sárófar sonraí, agus laghdaíonn sé an baol go n-úsáidfear seansonraí chun cinntí a dhéanamh. Cumasaíonn sé rochtain níos tapúla ar shonraí chomh maith, rud atá thar a bheith tábhachtach d'iarraitais ar rochtain sonraí, toisc nach stóráiltear sonraí atá as dáta a thuilleadh.

Dúirt Martin Morgan, Stiúrthóir na nOibríochtaí Corparáideacha:

Rinneamar athstruchtúrú iomlán ar an gcaoi a ndéanaimid ár sonraí a bhainistiú agus cheapamar maoir sonraí atá freagrach as na sonraí a bhainistiú amach anseo chun a chinntiú go gcomhlíonann siad treoirlínte GDPR agus chun é a dhéanamh níos éasca dúinn rochtain a fháil ar shonraí.

Iarracht thraseagraíochtúil a bhí ann toisc go mbíonn tionchar ag an gcóras seo ar gach a ndéanaimid, agus tugadh tacaíocht don iarracht ag gach leibhéal. Tá bonneagar láidir i bhfeidhm againn anois a chuirfidh ar ár gcumas ár sonraí a bhainistiú agus a sláine a chinntiú.

Tá obair ar bun anois chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as ár gcóras sonraí struchtúrtha chun sonraí a choinneáil agus a scriosadh go leictreonach, amhail bailiú sonraí ar líne dár gcórais faisnéise, ár gcóras bainistíochta deontas ar líne, chomh maith le córais airgeadais agus acmhainní daonna. Táimid meáite ar oibriú leis na caighdeáin is airde agus a bheith ag cloí leo chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais agus ár bpróisis iontaofa, athléimneach, slán agus nuálach.



Aguisíní



Liosta fhoilseacháin an BTS in 2022

TUARASCÁLACHA AN BTS

Daly A, Craig S. Annual Report on the Activities of Irish Psychiatric Units and Hospitals 2021 (Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí Aonad agus Ospidéal Síciatrach in Éirinn 2021). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022. BTS Sraith StatLink Uimh. 10.

Doyle A, Sunday S, Galvin B, Mongan D. Alcohol and other drug use among children and young people in Ireland: prevalence, risk and protective factors, consequences, responses, and policies (Alcól agus úsáid drugaí eile i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn: leitheadúlacht, fachtóirí riosca agus cosanta, iarmhairtí, freagairtí agus beartais). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022. Sraith Forléargais 12 de chuid an BTS.

Hanrahan MT, Millar SR, Phillips KP, Reed TE, Mongan D agus Perry IJ. (2022) Problematic opioid use in Ireland, 2015–2019 (Úsáid fhadhbach ópóideach in Éirinn, 2015–2019). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kelleher C, Condrón I, Lyons S. 2015–2021 Drug Treatment Data (2015–2021 Sonraí Cóireála Drugaí). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022. BTS Sraith StatLink Uimh. 8.

Lynch T, O’Neill D, Lyons S. 2015–2021 Alcohol Treatment Data (2015–2021 Sonraí Cóireála Alcóil). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022. BTS Sraith StatLink Uimh. 9.

Mongan D, Killeen N, Evans D, Millar SR, Keenan E, agus Galvin B. (2022) European Web Survey on Drugs 2021: Irish results (Suirbhé Gréasáin Eorpach ar Dhrugaí 2021: Torthaí na hÉireann). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Mongan D, Millar SR, Doyle A, Chakraborty S, Galvin B. Gambling in the Republic of Ireland: Results from the 2019–20 National Drug and Alcohol Survey (Cearrbhachas i bPoblacht na hÉireann: Torthaí ón Suirbhé Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól 2019–20). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Lárionad na hÉireann don EMCDDA. Drugnet Ireland. Eagrán 80. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Lárionad na hÉireann don EMCDDA. Drugnet Ireland. Eagrán 81. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Lárionad na hÉireann don EMCDDA. Drugnet Ireland. Eagrán 82. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Lárionad na hÉireann don EMCDDA. Drugnet Ireland. Eagrán 83. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

ATHBHREITHNITHE AR FHIANAISE

Lambe K, Farragher A, Moloney T, Dé Domhnaigh S, Long J. Impact of community water fluoridation on systemic health excluding oral health: An evidence review (Tionchar fluairídiú uisce pobail ar shláinte shistéamach seachas sláinte béil: Athbhreithniú fianaise). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Long J, Lee C, Schwendicke F, Farragher A, Keane M. Management of non-cavitated and cavitated caries in primary, permanent, and mixed dentition: An evidence review (Bainistíocht cáiréas fiacla neamh-chuasaithe agus cuasaithe i mbun-déadeagar, buan-déadeagar agus déadeagar measctha. Athbhreithniú fianaise). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Quigley J, Lambe K, Moloney T, Farragher L, Farragher A, Long J. Promoting workplace health and well-being through culture change: An evidence review (Sláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn le hathrú cultúir: Athbhreithniú fianaise). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022.

Pratschke J, Glanville J, Engling F. An integrative evidence review on service user participation in the design and delivery of drug treatment, recovery and harm reduction services (Athbhreithniú fianaise comhtháite ar rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhíse i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí cóireála drugaí, aisghabhála agus laghdaithe díobhála). Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte; 2022. Athbhreithniú Fianaise Uimh. 8 ar Dhrugaí agus Alcól de chuid an BTS.

Condrón I, Lyons S, Carew AM. Gambling in Ireland: Profile of treatment episodes from a national treatment reporting system (Cearrbhachas in Éirinn: Próifíl na n-eipeasóidí cóireála ó chóras náisiúnta tuairiscithe cóireála). *Ir J Psychol Med.* 2022;1–8. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1017/ipm.2022.20>

Dunne M. Developing a Library Association Membership Survey: Challenges and Promising Themes (Suirbhé Ballraíochta an Chumainn Leabharlainne a Fhorbairt: Dúshlán agus Téamaí a Bhfuil Gealladh Fúthu). *EBLIP.* 2022;17(3):3–36. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.18438/eblip30157>

Dunne M. Library associations: making connections to enable effective change. (Cumainn leabharlainne: naisc a dhéanamh chun athrú éifeachtach a chumasú). *JEAHIL.* 2022;18(3):11–5. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.32384/jeahil18525>

Lynn E, Cousins G, Lyons S, Bennett KE. Comparing characteristics of suicide to non-suicide drug poisoning deaths, by sex, in Ireland (Tréithe an fhéinmharaithe a chur i gcomparáid le básanna nimhiú drugaí neamh-fhéinmharaithe, de réir gnéis, in Éirinn.) *Journal of Affective Disorders.* 2022;306:80–89.

Mongan D, Carew AM, O’Neill D, Millar SR, Lyons S, Galvin B, et al. Comparing cannabis use disorder in the general population with cannabis treatment seekers using multi-source national datasets: who receives treatment? (Comparáid a dhéanamh idir neamhord úsáide cannabais sa phobal i gcoitinne agus iarrthóirí cóireála cannabais ag baint úsáid as tacair de shonraí náisiúnta ilfhoinsí: Cé a fhaigheann cóireáil?) *Eur Addict Res.* 2022;28(2):103–12.

Aguisín B

Liosta de dhámhachtainí BTS a bronnadh in 2022 ar Phríomh-imschrúdaitheoirí

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR					
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
Torthaí Cúraim Mhaolaithigh Leanaf a Fheabhsú in Éirinn (iCPCi): fianaise a úsáid chun cúram maolaitheach a threorú agus a fheabhsú do leanaí a bhfuil riocht a chiorraíonn saol duine acu, agus dá dteaghlaigh	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An Dr	Samantha Smith	€239,998
Co-designing Life After Stroke support Pathways (CLASP)	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An tOllamh	Frances Horgan	€239,998
Aiseolas cleachtais a bharrfheabhsú chun cúram diaibéiteas a fheabhsú	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An Dr	Sheena McHugh	€134,943
An Tionscadal Coinneála Dochtúirí Teaghlaigh (GP-R)	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An Dr	Niamh Humphries	€239,980
Déanamh cuimhní le caitheamh aimsire teiripeach do theaghlaigh leanaí a bhfuil galar lena mbaineann baol báis orthu agus a fhaigheann cúram maolaitheach sa bhaile: Oidhreacht scéalaíochta digití á hoiriúnú mar chóir leighis	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An tOllamh	Veronica Lambert	€239,986
Faisnéis sláinte agus acmhainní oideachais do mhná a bhfuil titimeas orthu, ón tréimhse réamhchoimpeartha go dtí an tréimhse iarbheirthe	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An Dr	Aisling Walsh	€174,609
Mapáil idirghabhála a úsáid chun clár aistrithe a chur in oiriúint do dhaoine óga in Éirinn atá tar éis a bheith faoi mhíchumas fisiciúil óna n-óige: an staidéar Ignition 2	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí Comhpháir-tíochta Feidhmí	An Dr	Jennifer Ryan	€240,000
Comhghuaillíochtaí páirtithe leasmhara chun treoracha taighde amach anseo a threorú maidir le cóireáil stadaireachta: Soláthar agus beartas cúraim sláinte a mhúnlú	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Amy Connery	€5,000
Dea-chleachtas maidir le hAire a thabhairt d'Othair a bhfuil Fioibróis Chisteach acu i gCúram Fiaclóireachta Príomhúil	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Martina Hayes	€4,918
Tacaíocht fhoirmiúil tí atá ann cheana a fheabhsú chun stádas feidhmeach na ndaoine scothaosta a fheabhsú agus a chothú	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An tOllamh	Frances Horgan	€4,913

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
Taighde Néaltrú: An bhearna idir Taighde, Beartas agus Cleachtas a dhúnadh	Cumann Alzheimer na hÉireann	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Laura O'Philbin	€4,980
An 7ú Scoil Samhraidh um Rannpháirtíocht Pobail agus Othar de chuid na hInstitiúide um Thaighde Sláinte	Ollscoil Luimnigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Jonathan Salsberg	€5,000
Comhdháil Chomhghuaillíocht Féinbhainistíochta Diaibéiteas na Chéad Ghlúine Eile	Ollscoil na Gaillimhe	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An tOllamh	Sean Dinneen	€5,000
Meastóireacht beartais a chur chun cinn: Ceardlann ar conas na 'ceannacháin is fearr' a aithint i mbeartas poiblí chun gníomhaíocht choirp agus cothú sláintiúil a chur chun cinn	Ollscoil Luimnigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An tOllamh	Catherine Woods	€4,938
BloodHIT Comhdháil um Shíntiús Fola, Ionfhabhtú Haemaiteolaíochta & Aistriú 2022	Seirbhís Fuilaisríocháin na hÉireann	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Allison Waters	€5,000
Comhdháil Lá Idirnáisiúnta na dTriailacha Cliniciúla ONTC-BTS 2023 – "Taighde Cliniciúil in Éirinn 2023"	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An tOllamh	Joseph Eustace	€5,000
Lá Eolais Luath-Thoirchis 2022	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An tOllamh	Fergal Malone	€5,000
Seimineár um líonrú taighde agus malartú eolais maidir le sláinte imirceach: Imeacht bunaithe ar na healaíona	Ollscoil Luimnigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Kathleen Markey	€5,000
Comhdháil Tionscnaimh Ghrúpa Oinceolaíochta Radaíochta Taighde na hÉireann (GORTÉ) 2023	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Sinead Brennan	€5,000
Siompóisiam Choláiste na hOllscoile, Corcaigh ar Thomagrafaíocht Ríofa Ceannródaíoch (CT)	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Andrew England	€4,947
"Sláinte Phoiblí Eorpach + Cuibhreannas: todhchaí gheal a bhaint amach le comhpháirtíochtaí taighde"	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Carla Perrotta	€5,000
An t-am atá caite, an lá atá inniu ann agus todhchaí ár Seirbhísí Leighis Éigeandála: Comhairliúchán ar Chur i bhFeidhm Straitéis Náisiúnta Taighde do Pharaimhíochaineoirí in Éirinn	Ollscoil Luimnigh	Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí	An Dr	Niamh Cummins	€5,000

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
Réitigh dhiagnóiseacha a fhorbairt le haghaidh neamhoird néarafhorbartha de bharr mhífheidhmiú córais uileláithrin-próitéasóim	Ollscoil Luimnigh	An Clár Comhpháir-teach Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta	An Dr	Andreas Grabrucker	€323,504
Measúnú ar chóireáil teaghlaim drugaí nua le haghaidh cistíonóis néifreapaiteach i samhail nua francach a bhfuil cistíonóis air	Ollscoil Auckland	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Jennifer Hollywood	€198,188
Cur chuige bainistíochta péine agus créachta d'othair RDEB trí chóiriú hidreaghlóthach le collaigin fheidhmiúil agus scaoileadh rialaithe pianmhúchán	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An tOllamh	Wenxin Wang	€185,501
Forbairt Vacsaíní mRNA do Leanáí a bhfuil Néarablastóma Ardriosca orthu	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Olga Piskareva	€229,274
Samhail nuálach xéineanódaithe otharlárnach den mhialóma iolrach a fhorbairt agus a úsáid chun freasaithe nuálacha de chomharthaíocht JAM-A a thástáil	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Ann Hopkins	€262,415
Galar Ae Fioibríse Cistí (GAFC); tuar agus forordú i ré na modhnóirí CFTR	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Emer Fitzpatrick	€230,001
An costas a chomhaireamh: Ionchur cúramóirí scothaosta in Éirinn agus an tionchar a bhíonn ag cúram ar mheabhairshláinte agus folláine cúramóirí	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Christine McGarrigle	€99,272
Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil: cén tosaíochtaí atá ag déagóirí faoi mhíchumas fhisiciúil?	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Ailish Malone	€99,842
Imscrúdú ar leitheadúlacht agus ar thaithí na síceapiteolaíochta agus na neamhord meabhrach i measc leanáí agus déagóirí a bhfuil pairilis cheirbreach orthu	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Jennifer Ryan	€99,977
Gníomhaíocht a chothú agus airtríteas ar dhuine (GCAD) tar éis páirt a ghlacadh i gclár aclaíochta Airtríteas Éireann, Bí Gníomhach le hAirtríteas (BGLA)	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An tOllamh	Suzanne McDonough	€198,832
Imscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht nanacháithníní luchtaithe CTNS-mRNA mar straitéis theiripeach nua le haghaidh cistíonóis néifreapaiteach	Ospidéal na hOllscoile Leuven agus KU Leuven	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An tOllamh	Elena Levchenko	€152,400

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
Diostróife Reitineach i Neamhoird Chiléapaiteacha (RDCilia): sócháin othar a shamhaltú chun meicníochtaí galair a mheas, Malairtí a bhfuil Tábhacht Éiginnte leo a léirmhíniú, agus teiripeacha a nochtadh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Oliver Blacque	€300,000
Máinliacht, radaiteiripe, ceimiteiripe, céard a thagann ina ndiaidh? Iníúchadh a dhéanamh ar riachtanais athshlánaithe daoine a bhfuil siadaí inchinne acu in Éirinn	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An tOllamh	Kathleen Bennett	€299,776
Bealaí chun an tAistriú chuig Seirbhísí d'Aosaigh a Fheabhsú & Féinbhainistíocht a Fheabhsú in Ógánaigh a bhfuil Fioibrís Chisteach orthu: Ré Nua Cóireálacha	Ollscoil na Gaillimhe	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Caroline Heary	€148,098
Géinteiripe gascheall uathlógach ex vivo le haghaidh Easpa Iolrach Sulfatase	Ospidéal Leanaí Philadelphia	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Rebecca Ahrens-Nicklas	€200,000
Ardscaíocht cumaisc uathoibríthe chun gníomhairí teiripeacha a aithint in Easpa Iolrach Sulfatase	Institiúid Fraunhofer um Leigheas Aistritheach agus Cógaseolaíocht (ITMP)	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Lars Schlowata	€150,000
Coscairí HDAC6 a chomhcheangal le coscairí KRAS chun cóireáil a dhéanamh ar Ailse Neamh-bheagcheallach na Scamhóg (ANBS)	Ollscoil Luimnigh	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Caitriona Dowling	€299,925
Forbairt othar-threoraithe ar ionstraim "Torthaí Tuairiscithe Othar" chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha a bhaineann le sláinte in othair a bhfuil Galar Glomarúlach orthu – PRO-GD	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Michelle O'Shaughnessy	€200,000
RNAnna fada neamhchódúcháin: rialtóirí epileptogenesis agus spriocanna féideartha le haghaidh teiripe	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An Dr	Gary Brennan	€91,286
Torthaí a thuar agus monatóireacht a dhéanamh orthu in Einceifealaíteas Uath-imdhíonachta (POTA)	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Chómhaoinithe BTS-HRCI	An tOllamh	Norman Delanty	€149,924
Na Bacainní ar Haema-scadhealú Baile (DREAM) a Aithint agus Aghaidh a thabhairt Orthu	Ollscoil na Gaillimhe	Tionscadail faoi stiúir Imscrúdaitheora	An Dr	Paul O'Connor	€293,341
Idirghabháil a fhorbairt chun feabhas a chur ar úsáid diagnóisice sa láthair chúraim i mbainistiú ionfhabhtuithe sa chonair riospráide i gcúram príomhúil: staidéar modhanna measctha	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Cristin Ryan	€308,771
Measúnú próisis réalafoch ar idirghabháil chun inniúlachtaí i gcomhoibriú idirghairmiúil a chur chun cinn i measc foirne cúraim chomhtháite idirdhisciplíneacha do dhaoine scothaosta	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Deirdre O'Donnell	€369,881

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
Pleanáil agus dearadh do chaighdeán na beatha agus teacht aniar i suíomhanna cúraim fhadtéarmaigh chónaithe do dhaoine scothaosta in Éirinn: Treoirínite maidir le Taighde agus Dearadh Uilíoch le haghaidh na tógála, an oiriúnaithe agus an iarfheistithe nua	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Desmond O'Neill	€361,698
Aghaidh a thabhairt ar an gcostas eacnamaíoch agus daonna a bhaineann le teagmhais dhíobhálacha a fuarthas san ospidéal, agus teagmhais atá íogair ó thaobh altraí de, a bhaineann le hothair aosta, tríd an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as gnáthshonraí urscaoilte agus le heaspa cúraim altranais a thomhas	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Marcia Kirwan	€369,612
Tacar Croíthorthaí a Fhorbairt le haghaidh staidéir taighde le daoine fásta scothaosta sa Roinn Éigeandála	Ollscoil Luimnigh	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Katie Robinson	€367,239
Imscrúdú ar earraí sláintíochta ospidéal mar thaiscumair de phataiginí frithsheasmhacha frithmhíocróbacha agus naisc le hionfhabhtuithe i sruth na fola: Impleachtaí do Chosc agus do Rialú Ionfhabhtaithe	Ollscoil Mhá Nuad	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Fiona Walsh	€368,222
Meabhairshláinte agus Folláine le linn an Aistrithe ón Óige go dtí an Luath-Aosacht	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Anne Nolan	€369,284
Iníúchadh ar na fachtóirí riosca agus na hiarmhairtí a bhaineann le húsáid cannabais in ógánaigh, ag baint úsáid as sonraí daonra-bhunaithe: an staidéar "CANNARISK"	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Mary Cannon	€369,636
Cosáin Shóisialta (SocialPaths): Bealaí socheacnamaíochta, a bhaineann go sonrach le hinscne, chuig riosca an ghalair chardashoithigh le linn an tsaol	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Linda O'Keeffe	€357,508
An gabhdóir freasaitheach IL-36 a fhorbairt mar theiripe d'aillse dróilainne	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Elizabeth Brint	€240,434
Scrúdú a dhéanamh ar ról diagnóiseach agus feidhmiúil chomhartha nuálach DNA meThylation chun meiteastáis d'Ailse Cholaireicteach a thuar – "INTERACT"	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Sudipto Das	€369,787
Iníúchadh ar Fhochineáil nuálacha Glióblastóma le haghaidh Cur Chuige Beacht Leigheas níos fearr d'Othair a bhfuil Siad Inchinne orthu	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Annette Byrne	€370,000
Dearadh agus measúnú síciméadrach ar bheart toraidh cáilíochta saoil a bhaineann le sláinte (QoLTEN) do dhaoine fásta a bhfuil siondróm Stevens-Johnson/neacralú eipideirmeach tocsaineach (SSJ/NET) orthu	Ollscoil Luimnigh	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An Dr	Pauline O'Reilly	€355,336
Sainmhíniú fochineálacha cille strómaí pataigineas ar leith in RA agus PsA	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Ursula Fearon	€358,470

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthai-ghdeora	Ainm an phríomhthai-ghdeora	Iomlán na dámhachtana
IMPRINT: Réamhtháscairí imdhíonacha a bhaineann go sonrach le pataigin de thorthaí ionfhabhtaithe i sruth na fola a shainmhíniú	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Rachel McLoughlin	€369,995
Meicníochtaí a fhionnadh agus a mhodhnú trína mbíonn tionchar ag Peptidylglycine alpha-Amidating Monooxygenase (PAM), ar an mbaol go ndéanfaí damáiste fíochán ó oidhreacht go géiniteach san Airtríteas Réamatóideach	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail Faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Gerry Wilson	€368,365
